2026/308

6.3.2026

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP.29/343 CEE-NA, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 109 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis an gceadú le haghaidh táirgeadh aerbhonn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí [2026/308]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí uile suas go dtí:

Forlíonadh 1 ar shraith leasuithe 01 – Dáta teacht i bhfeidhm: an 11 Eanáir 2026

Is áis doiciméadachta amháin é an doiciméad seo. Is iad seo a leanas na téacsanna atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí:

ECE/TRANS/WP.29/2024/64

ECE/TRANS/WP.29/2025/74

CLÁR

Rialachán

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Marcanna
4. Iarratas ar cheadú
5. Ceadú
6. Ceanglais
7. Sonraíochtaí
8. Modhnuithe agus síneadh ar an gceadú
9. Comhréireacht táirgeachta
10. Pionóis de dheasca neamhchomhréireacht táirgeachta
11. Scor cinntitheach den táirgeadh
12. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, na saotharlann tástála, agus na nÚdarás Cineálcheadaithe
13. Forálacha idirthréimhseacha

Iarscríbhinní

1 Fógra

2 Leagan amach mairc ceadaithe

3 Leagan amach marcanna boinn atráchtaithe

4 Liosta innéacsanna ualaigh agus acmhainní ualaigh comhfhreagracha

5 Sonrú thoise an bhoinn agus toisí

6 Modh chun boinn a thomhas

7 Nós imeachta le haghaidh tástálacha strustuirse ualaigh/luais

Foscríbhinn 1 – Clár tástála strustuirse

Foscríbhinn 2 – An gaol idir an t-innéacs brú agus aonaid bhrú

8 Athrú ar an acmhainn ualaigh de réir luais: boinn feithicle tráchtála

9 Fíor mhíniúcháin

1. Raon feidhme

Cumhdaítear leis an Rialachán seo táirgeadh aerbhonn atráchtaithe (*) (**) a dheartar go príomha le haghaidh feithiclí de chatagóir M_2, M_3, N, O_3 agus O_4 ([1]) ([2]). Mar sin féin, níl feidhm ag an Rialachán maidir le táirgeadh na mbonn seo a leanas:

1.1. Boinn atráchtaithe a shainaithnítear le catagóir luais ainmniúil faoi bhun ochtó (80) km/u (siombail catagóire luais 'F');

1.2. Boinn a táirgeadh ar dtús gan siombailí luais agus/nó innéacsanna ualaigh;

1.3. Boinn a táirgeadh ar dtús gan chineálcheadú de réir Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe.

2. Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo (féach freisin an fhíor in Iarscríbhinn 9):

2.1. Ciallaíonn *'raon bonn atráchtaithe'* raon bonn atráchtaithe mar a luaitear i mír 4.1.5.

2.2. Ciallaíonn *'atráchtóir'* an duine nó an comhlacht atá freagrach don Údarás Cineálcheadaithe as gach gné den chineálcheadú faoin Rialachán seo agus as an gcomhréireacht táirgeachta a áirithiú.

2.3. Ciallaíonn *'monaróir boinn'* an duine nó an comhlacht a bhí freagrach don Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh an cineálcheadú bunaidh maidir le boinn nua agus as an gcomhréireacht táirgeachta a áirithiú faoin Rialachán is infheidhme maidir le boinn nua.

2.4. Ciallaíonn *'monaróir ábhair / soláthróir ábhair'* an duine nó an comhlacht a sholáthraíonn na hábhair atráchta nó dheisiúcháin don atráchtóir.

2.5. Ciallaíonn *'ainm branda/trádmharc'* aitheantas an bhranda nó an trádmhairc mar atá sainithe ag an atráchtóir agus marcáilte ar thaobh-bhalla nó ar thaobh-bhallaí an bhoinn. Féadfaidh an t-ainm branda/trádmharc a bheith mar an gcéanna le hainm an atráchtóra.

2.6. Ciallaíonn *'tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála'* aitheantas raoin bonn mar a shonraíonn an t-atráchtóir. D'fhéadfadh sé a bheith mar an gcéanna leis an ainm branda/trádmharc.

2.7. Ciallaíonn *'struchtúr'* boinn saintréithe chreatlach an bhoinn. Aithnítear go háirithe na struchtúir seo a leanas:

2.7.1. Tugtar tuairisc le *'crosdualach'* ar struchtúr boinn ina síneann na cordaí duail chomh fada leis na feirbíní boinn agus ina leagtar iad ar uillinneacha ailtéarnacha ar lú go substaintiúil iad ná 90 ° le lárlíne an tráchta boinn;

2.7.2. Tugtar tuairisc le *'ga-dhualach'* ar struchtúr boinn ina síneann na cordaí duail chomh fada leis na feirbíní boinn agus ina leagtar iad go substaintiúil ar uilleann 90 ° le lárlíne an tráchta boinn, agus ina gcobhsaítear an chreatlach le banda teanntáin imlíneach atá neamh-insínte go bunúsach.

2.8. Catagóir úsáide:

2.8.1. Is é is *'gnáthbhonn'* ann bonn atá beartaithe le haghaidh gnáthúsáid ar an mbóthar amháin.

(*) Chun críoch an Rialacháin seo, ciallaíonn 'boinn' 'aerbhoinn'.
(**) Is é atá i mboinn atráchtaithe boinn athchóirithe tar éis próiseas atráchta.
([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí R.E.3.
([2]) Sainmhínítear leis an Rialachán seo na ceanglais le haghaidh boinn mar chomhpháirt. Ní theorannaítear leis a suiteáil ar aon chatagóir feithicle.

2.8.2. Ciallaíonn *'bonn úsáide speisialta'* bonn atá beartaithe le haghaidh úsáid mheasctha, is é sin, úsáid ar an mbóthar agus úsáid eisbhóthair araon nó le haghaidh saothar speisialta eile. Deartar na boinn sin go príomha chun gluaisne na feithicle a thosú agus a choinneáil ar bun i ndálaí eisbhóthair.

2.8.3. Ciallaíonn *'bonn sneachta'* bonn a bhfuil a phríomhghnéithe, lena n-áirítear an patrún tráchta, deartha go príomha chun feidhmíocht a bheadh níos fearr ná feidhmíocht ghnáthbhoinn a bhaint amach faoi dhálaí sneachta agus/nó láibe maidir lena chumas gluaisne na feithicle a thosú agus a choimeád faoi smacht.

2.9. Ciallaíonn *'feirbín boinn'* an chuid de bhonn atá de chruth agus de struchtúr a oireann don fhonsa rotha agus a choimeádann an bonn air.

2.10. Ciallaíonn *'corda'* na snáitheanna lena gcruthaítear creatlach na ndual sa bhonn.

2.11. Ciallaíonn *'dual'* sraith cordaí comhthreomhara a bhfuil brat 'rubair' orthu.

2.12. Tá feidhm ag *'banda teanntáin'* maidir le bonn ga-dhualach nó fiarthrasnánach agus ciallaíonn sé sraith nó sraitheanna d'ábhar nó d'ábhair faoin trácht boinn, a leagtar go substaintiúil i dtreo lárlíne an tráchta chun an chreatlach a shrianadh i dtreo imlíneach.

2.13. Tá feidhm ag *'idirdhual'* maidir le bonn crosdualach agus ciallaíonn sé dual idirmheánach idir an chreatlach agus an trácht boinn.

2.14. Tá feidhm ag *'idirdhual cosantach'* maidir le bonn ga-dhualach agus ciallaíonn sé dual idirmheánach roghnach idir an trácht boinn agus an banda teanntáin chun damáiste don bhanda teanntáin a íoslaghdú.

2.15. Ciallaíonn *'stiall chuimilte'* ábhar i limistéar an fheirbín boinn chun an chreatlach a chosaint ar chuimilt nó ar scríobadh de dheasca an fhonsa rotha.

2.16. Ciallaíonn *'creatlach'* an chuid sin de bhonn seachas an trácht boinn agus na taobh-bhallaí rubair a iompraíonn an t-ualach agus é teannta.

2.17. Ciallaíonn *'trácht boinn'* an chuid sin de bhonn a bhíonn i dteagmháil leis an talamh, a chosnaíonn an chreatlach ar dhamáiste meicniúil agus a rannchuidíonn leis an ngreamaitheacht den talamh.

2.18. Ciallaíonn *'taobh-bhalla'* an chuid de bhonn idir an trácht boinn agus an limistéar atá deartha chun bheith cumhdaithe ag feire an fhonsa rotha.

2.19. Ciallaíonn *'limistéar íochtarach an taobh-bhalla'* an limistéar idir líne leithid uasta an bhoinn agus an limistéar atá deartha chun bheith cumhdaithe ag imeall an fhonsa rotha.

2.20. Ciallaíonn *'eitre tráchta'* an spás idir dhá easna agus/nó dhá bhloc in aice láimhe sa phatrún tráchta.

2.21. Ciallaíonn *'leithead boinn' (S)* an fad líneach idir an taobh amuigh de thaobh-bhallaí boinn theannta, cé is moite d'airdí i ngeall ar lipéadú (marcáil), maisiú nó bandaí nó easnacha cosanta.

2.22. Ciallaíonn *'leithead foriomlán'* an fad líneach idir an taobh amuigh de thaobh-bhallaí boinn theannta, agus lena n-áirítear lipéadú (marcáil), maisiú, nó bandaí nó easnacha cosanta.

2.23. Ciallaíonn *'airde thrasghearrthach (H)'* fad atá cothrom le leath an fhaid idir trastomhas seachtrach an bhoinn agus trastomhas ainmniúil an fhonsa.

2.24. Ciallaíonn *'cóimheas ainmniúil crutha (Ra)'* céad oiread na huimhreach a fhaightear ach an uimhir lena sloinntear an airde thrasghearrthach ainmniúil a roinnt ar an uimhir lena sloinntear leithead ainmniúil an bhoinn, agus an dá thoise sna haonaid chéanna.

2.25. Ciallaíonn *'trastomhas seachtrach (D)'* trastomhas foriomlán boinn theannta nua-atráchtaithe.

2.26. Ciallaíonn *'sonrú thoise an bhoinn'*, ach amháin i gcás cineálacha boinn dá léirítear an sonrú toise sa chéad cholún de na táblaí in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Rialachán seo, sonrú lena léirítear:

2.26.1. Leithead ainmniúil an bhoinn (S_1).

2.26.2. An cóimheas ainmniúil crutha nó, ag brath ar an gcineál dearaidh boinn, an trastomhas seachtrach ainmniúil arna shloinneadh in mm.

2.26.3. Léiriú ar an struchtúr a chuirtear roimh mharc thrastomhas an fhonsa mar a leanas:

2.26.3.1. ar bhoinn chrosdualacha, deais '–' nó an litir 'D';

2.26.3.2. ar bhoinn gha-dhualacha, an litir 'R'.

2.26.4. Trastomhas ainmniúil an fhonsa.

2.26.5. Léiriú ar an gcumraíocht feistithe boinn ar fhonsa i gcás nach ionann í agus an chumraíocht chaighdeánach agus nach léirítear í cheana féin leis an tsiombail 'd' a sheasann do chód thrastomhas ainmniúil an fhonsa.

2.26.6. An réimír 'LT' roimh leithead ainmniúil an bhoinn, nó an iarmhír 'C' nó 'LT' tar éis mharc thrastomhas an fhonsa nó, más infheidhme, tar éis na cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa; d'ainneoin a bhfuil roimhe seo, is féidir 'LT' a chur tar éis an chur síos úsáide in ionad réimír nó iarmhír a chur le sonrú thoise an bhoinn.

2.26.6.1. Tá an marc sin roghnach i gcás boinn a fheistítear ar fhonsaí láir ísil 5 °, atá oiriúnach d'fheistiú aonair agus d'fheistiú déach, ag a bhfuil innéacs toillte ualaigh san fheistiú aonair atá níos ísle ná 121 nó cothrom leis sin agus atá beartaithe chun mótarfheithiclí a threalmhú.

2.26.6.2. Tá an marc sin éigeantach i gcás boinn a fheistítear ar fhonsaí láir ísil 5 °, atá oiriúnach d'fheistiú aonair amháin, ag a bhfuil innéacs toillte ualaigh san fheistiú aonair atá níos airde ná 122 nó cothrom leis sin agus atá beartaithe chun mótarfheithiclí a threalmhú.

2.26.7. An iarmhír 'CP' tar éis mharc thrastomhas an fhonsa nó, más infheidhme, tar éis na cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa; tá an marc sin éigeantach i gcás boinn a fheistítear ar fhonsaí láir ísil 5 °, ag a bhfuil innéacs toillte ualaigh san fheistiú aonair atá níos ísle ná 121 nó cothrom leis sin agus atá deartha go sonrach chun mótarcharbháin a threalmhú.

2.26.8. Go roghnach, an iarmhír 'MPT' tar éis mharc thrastomhas an fhonsa le haghaidh boinn a dheartar go sonrach chun feithiclí tráchtála ilchuspóireacha a threalmhú.

2.26.9. Go roghnach, an réimír 'ST' roimh leithead ainmniúil an bhoinn le haghaidh boinn a dheartar go sonrach chun leantóirí speisialta a threalmhú.

2.27. Ciallaíonn *'trastomhas ainmniúil an fhonsa'* gnáth-uimhir a sheasann do thrastomhas an fhonsa a ndeartar bonn le feistiú air; sloinntear an trastomhas le cóid (uimhreacha faoi 100) nó i milliméadair (uimhreacha os cionn 100) ach ní úsáidtear an dá mhodh.

2.27.1. I gcás ina sloinntear trastomhas ainmniúil an fhonsa (siombail ‘d’) le cód, is mar a leanas atá luachanna na siombailí ‘d’ arna sloinneadh i milliméadair:

Cód thrastomhas ainmniúil an fhonsa – siombail ‘d’	Luach na siombaile ‘d’ arna shloinneadh in mm
8	203
9	229
10	254
11	279
12	305
13	330
14	356
15	381
16	406
17	432
18	457
19	483
20	508
21	533
22	559
24	610
25	635
26	660
28	711
30	762
32	813
34	864
36	914
38	965
40	1 016
42	1 067
14,5	368
16,5	419
17,5	445
19,5	495
20,5	521
22,5	572
24,5	622
26,5	673
28,5	724
30,5	775

2.28. Ciallaíonn *‘fonsa rotha’* an taca, cibé acu le haghaidh cóimeáil bhoinn agus feadáin nó le haghaidh bonn gan feadán, ar a suitear na feirbíní boinn.

2.28.1. Ciallaíonn *‘cumraíocht feistithe boinn ar fhonsa’* an cineál fonsa rotha a ndeartar an bonn le feistiú air. I gcás fonsaí rotha neamhchaighdeánacha, sainaithneofar é sin le siombail a chuirfear ar an mbonn, mar shampla, ‘A’.

2.29. Ciallaíonn *‘fonsa tomhais’* an fonsa rotha a shonraítear mar ‘leithead fonsa tomhais’ nó mar ‘leithead fonsa deartha’ le haghaidh sonrú toise boinn ar leith in aon eagrán d’aon cheann amháin nó níos mó de na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Boinn.

2.30. Ciallaíonn *‘fonsa tástála’* aon fhonsa rotha a shonraítear a bheith ceadaithe nó molta nó formheasta i gceann amháin de na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Boinn le haghaidh bonn den sonrú toise agus den chineál sin.

2.31. Ciallaíonn *'Caighdeán Idirnáisiúnta um Boinn'* aon cheann de na doiciméid chaighdeánacha seo a leanas:

(a) Eagraíocht Theicniúil na hEorpa um Boinn agus Fonsaí Rotha (ETRTO) ([3]): '*Standards Manual*' [Lámhleabhar na gCaighdeán];

(b) Eagraíocht Theicniúil na hEorpa um Boinn agus Fonsaí Rotha (ETRTO) ([3]): '*Previous Standard Data*' [Sonraí faoi na Caighdeáin a bhí ann roimhe];

(c) The Tire and Rim Association Inc. (TRA) ([4]): '*Year Book*' [Bliainiris];

(d) The Japan Automobile Tire Manufacturers Association (JATMA) ([5]): '*Year Book*' [Bliainiris];

(e) The Tyre and Rim Association of Australia (TRAA) ([6]): '*Standards Manual*' [Lámhleabhar na gCaighdeán];

(f) The Associação Latino Americano de Pneus e Aros (ALAPA) ([7]): *'Manual de Normas Técnicas'* [Lámhleabhar na gCaighdeán];

(g) The Scandinavian Tyre and Rim Organisation (STRO) ([8]): *'Data Book'* [Leabhar Sonraí].

2.32. Ciallaíonn *'sclamhadh'* scoitheadh píosaí rubair den trácht boinn.

2.33. Ciallaíonn *'nochtadh cordaí'* deighilt na gcordaí óna mbrat rubair.

2.34. Ciallaíonn *'dual-deighilt'* deighilt dual in aice a chéile.

2.35. Ciallaíonn *'deighilt tráchta'* tarraingt siar an tráchta boinn ón gcreatlach.

2.36. Ciallaíonn *'cur síos úsáide'* an ceangal idir an t-innéacs nó na hinnéacsanna ualaigh agus siombail catagóire luais (mar shampla 164M nó 121/119S); féadfar a áireamh leis an gcur síos úsáide aon innéacs ualaigh amháin nó dhá innéacs ualaigh lena léirítear an t-ualach is féidir leis an mbonn a iompar in oibríocht aonair nó in oibríocht aonair agus in oibríocht dhéach.

2.37. Ciallaíonn *'innéacs toillte ualaigh'* uimhir lena léirítear an t-ualach is féidir leis an mbonn a iompar ag an luas a chomhfhreagraíonn don tsiombail luais lena mbaineann agus é á oibriú i gcomhréir leis na ceanglais lena rialaítear an úsáid arna sonrú ag monaróir bunaidh an bhoinn nó ag an atráchtóir.

Tugtar an liosta innéacsanna ualaigh agus a n-ualaí comhfhreagracha in Iarscríbhinn 4.

2.38. Ciallaíonn *'catagóir luais'*:

2.38.1. Na luasanna, a léirítear le siombail, ag ar féidir leis an mbonn an t-ualach a léirítear leis an innéacs ualaigh lena mbaineann a iompar.

2.38.2. Tá na siombailí catagóire luais mar a léirítear sa tábla thíos:

Siombail catagóire luais	Luas comhfhreagrach (km/u)
E	70
F	80
G	90
J	100

([3]) Is féidir na caighdeáin um boinn a fháil ó na seoltaí seo a leanas:
ETRTO, Avenue d'Auderghem 22-28 - B 1040 An Bhruiséil, An Bheilg.
([4]) TRA, 175 Montrose West Avenue, Suite 150, Copley, Ohio, 44321 SAM.
([5]) JATMA, 9th Floor, Toranomon Building No. 1-12, 1-Chome Toranomon Minato-ku, Tokyo 105, an tSeapáin.
([6]) TRAA, Suite 1, Hawthorn House, 795 Glenferrie Road, Hawthorn, Victoria, 3122 an Astráil.
([7]) ALAPA, Avenida Paulista 2444-12° Andar, conj. 124, CEP, 01310-300 São Paulo, S.P. an Bhrasaíl,
([8]) STRO, Älggatan 48 A, Nb, S-216 15 Malmö, an tSualainn.

Siombail catagóire luais	Luas comhfhreagrach (km/u)
K	110
L	120
M	130
N	140
P	150
Q	160
R	170
S	180
T	190
U	200
H	210

2.39. Ciallaíonn *'cur síos úsáide breise'* cur síos úsáide, a mharcáiltear i gciorcal, chun cineál speisialta seirbhíse a shainaithint (innéacs nó innéacsanna toillte ualaigh agus siombail catagóire luais) dá bhfuil an bonn atráchtaithe údaraithe freisin de bhreis ar an athrú ar an ualach de réir luais is infheidhme (féach Iarscríbhinn 8).

2.40. Ciallaíonn *'tábla den athrú ar acmhainn ualaigh de réir luais'*:

An tábla, in Iarscríbhinn 8, ina léirítear mar fheidhm de na hinnéacsanna toillte ualaigh agus na siombailí catagóire luais ainmniúil na hathruithe ar an ualach is féidir le bonn a sheasamh i gcás ina n-úsáidtear é ag luasanna atá éagsúil leis an luas atá i gcomhréir lena shiombail catagóire luais ainmniúil. Níl feidhm ag na hathruithe ar an ualach i gcás an chur síos úsáide breise a fhaightear nuair a chuirtear forálacha mhír 6.6.1.2 i bhfeidhm.

2.41. Ciallaíonn *'aonad táirgthe bonn atráchtaithe'* suíomh nó grúpa suíomhanna logánta ina dtáirgtear boinn atráchtaithe chríochnaithe.

2.42. Ciallaíonn *'atráchtadh bonn'* an téarma cineálach ar bhonn caite a athchóiriú trí ábhar nua a chur in ionad an tráchta boinn chaite. D'fhéadfaí a áireamh leis freisin athchóiriú ar dhromchla an taobh-bhalla sheachtraigh (e.g. ASP) agus athsholáthar na ndual cinn nó an dhuail chosantaigh. Cumhdaítear na modhanna próisis seo a leanas leis:

2.42.1. *'Lánú go gualainn'* – athsholáthar an tráchta boinn;

2.42.2. *'Lánú thar gualainn'* – athsholáthar an tráchta boinn agus an t-ábhar nua ag síneadh thar chuid den taobh-bhalla ([9]);

2.42.3. *'Feirbín go feirbín'* – athsholáthar an tráchta boinn agus athchóiriú an taobh-bhalla lena n-áirítear an limistéar íochtarach uile den bhonn nó cuid de ([9]).

2.43. Is é is *'cabhail'* ann an bonn caite lena gcuimsítear an chreatlach agus an t-ábhar atá fágtha den trácht boinn agus den taobh-bhalla.

2.44. Is é is *'slíobadh'* ann an próiseas faoina mbaintear sean-ábhar den chabhail chun an dromchla a ullmhú le haghaidh an ábhair nua.

2.45. Is é is *'deisiú'* ann an obair leasúcháin a dhéantar ar chabhalacha damáistithe laistigh de theorainneacha aitheanta.

([9]) Lena n-áirítear an modh próisis a úsáidtear chun ASP a úsáid.

2.46. Ciallaíonn *'ábhar tráchta'* ábhar atá i riocht oiriúnach lena chur in ionad an tráchta boinn chaite. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla a bheith ann, mar shampla:

2.46.1. *'Stiallacha dromáin'* – stiallacha réamhghearrtha ábhair ar easbhrúdh é chun an phróifíl trasghearrtha is gá a chruthú agus a bhfeistítear iad fuar ina dhiaidh sin ar an gcabhail ullmhaithe. Ní mór an t-ábhar nua a leasú;

2.46.2. *'Stialltochraiste'* – ribín ábhair tráchta a easbhrúitear go díreach agus a thochraistear ar an gcabhail ullmhaithe go dtí go mbaintear amach an comhrian trasghearrtha is gá. Ní mór an t-ábhar nua a leasú;

2.46.3. *'Dír-easbhrúiteán'* – ábhar tráchta a easbhrúitear chun an phróifíl trasghearrtha is gá a chruthú agus a n-easbhrúitear é go díreach ar an gcabhail ullmhaithe. Ní mór an t-ábhar nua a leasú;

2.46.4. *'Réamhleasaithe'* – trácht boinn a foirmíodh agus a leasaíodh roimh ré agus a fheistítear ar an gcabhail ullmhaithe. Ní mór an t-ábhar nua a nascadh leis an gcabhail.

2.47. Is é is *'veinír thaobh-bhalla'* ann ábhar a úsáidtear chun taobh-bhallaí na cabhlach a chumhdach ionas go bhféadfar na marcanna is gá a fhoirmiú. Is féidir an t-ábhar sin a úsáid freisin chun an taobh amuigh den bhonn a chosaint ar scríobhadh agus é in úsáid. Sa chás sin, ASP (cosaint taobh-bhalla bhreise) a thugtar ar an tsraith rubair chosantach.

2.48. Is é is *'guma stuála'* ann ábhar a úsáidtear mar bhrat nascála idir an trácht boinn nua agus an chabhail agus chun miondamáiste a dheisiú.

2.49. Is é is *'greamachán'* ann tuaslagán greamaitheach chun ábhair nua a choinneáil ina n-áit roimh an bpróiseas leasaithe.

2.50. Is é *'leasú'* an téarma a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar an athrú ar airíonna fisiciúla an ábhair nua a tharlaíonn go hiondúil de dhroim chur i bhfeidhm teasa agus brú ar feadh tréimhse shocraithe faoi dhálaí rialaithe.

2.51. Boinn d'aicme C2: Boinn a shainaithnítear le hinnéacs toillte ualaigh i bhfoirmíocht aonair atá níos ísle ná 121 nó cothrom leis sin agus le siombail catagóire luais atá níos airde ná 'N' nó cothrom leis sin.

2.52. Boinn d'aicme C3: Boinn a shainaithnítear:

(a) Le hinnéacs toillte ualaigh i bhfoirmíocht aonair atá níos airde ná 122 nó cothrom leis sin nó;

(b) Le hinnéacs toillte ualaigh i bhfoirmíocht aonair atá níos ísle ná 121 nó cothrom leis sin agus le siombail catagóire luais atá níos airde ná 'M' nó cothrom leis sin.

2.53. Ciallaíonn *'bonn tromshneachta'* bonn sneachta nó bonn úsáide speisialta a bhfuil a phríomhghnéithe lena n-áirítear a phatrún tráchta deartha go sonrach lena n-úsáid i ndálaí tromshneachta agus a chomhlíonann ceanglais mhír 6.1 de Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.54. Ciallaíonn *'bonn tarraingthe'* bonn d'aicme C2 nó C3 ar a bhfuil TRACTION inscríofa agus a bhfuil sé beartaithe é a fheistiú go príomha ar acastóir nó ar acastóirí tiomána feithicle chun traiseoladh fórsa a uasmhéadú in imthosca éagsúla.

2.55. Is bonn úsáide speisialta é *'bonn gairmiúil eisbhóthair'* a úsáidtear go príomha le haghaidh seirbhíse i ndálaí diana eisbhóthair.

2.56. Ciallaíonn *'príomheitrí tráchta'* na heitrí tráchta leathana atá suite i gcrios lárnach an tráchta boinn. Is é an crios lárnach an limistéar ar an trácht boinn arb é atá ann 75 faoin gcéad de leithead an tráchta boinn arna thomhas go siméadrach ón lárlíne.

2.57. Ciallaíonn 'doimhneacht snáithe' doimhneacht na bpríomheitrí tráchta.

2.58. Ciallaíonn *'cóimheas idir clais agus droim'* an cóimheas idir achar na gclaiseanna i ndromchla tagartha agus achar an dromchla tagartha sin arna ríomh ón líníocht mhúnla.

2.59. Ciallaíonn *'soláthróir an tráchta boinn a úsáidtear le haghaidh an phróisis atráchta'* an duine nó an comhlacht atá freagrach don Údarás Cineálcheadaithe as gach gné den chineálcheadú faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.60. Ciallaíonn *'trácht boinn a úsáidtear le haghaidh an phróisis atráchta'* trácht boinn réamhleasaithe nó sonraíocht phríomhghnéithe an tráchta boinn a úsáidtear le haghaidh an phróisis leasaithe múnla.

2.61. Ciallaíonn *'bonn saor-rollta'* bonn a dheartar chun acastóirí leantóra agus acastóirí mótarfheithiclí seachas acastóirí tosaigh agus acastóirí tiomána a fheistiú.

2.61.1. Ciallaíonn *'acastóir tosaigh'* aon acastóir, atá chun tosaigh ar lárphointe an fhonnaidh, ar a rialaítear na rothaí leis an gcóras stiúrtha.

3. Marcanna

3.1. Léirítear sampla de leagan amach marcanna boinn atráchtaithe in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo.

3.2. Maidir le boinn atráchtaithe, beidh na nithe seo a leanas le feiceáil ar an dá thaobh-bhalla i gcás boinn shiméadracha agus ar an taobh-bhalla seachtrach ar a laghad i gcás boinn neamhshiméadracha:

3.2.1. Ainm an atráchtóra nó an t-ainm branda / trádmharc.

3.2.2. An tuairisc thrádála/an ainmníocht tráchtála (féach mír 2. den Rialachán seo). Mar sin féin, níl an tuairisc thrádála ag teastáil i gcás gurb ionann í agus an t-ainm branda/an trádmharc.

3.2.3. Sonrú thoise an bhoinn mar a shainmhínítear i mír 2.

3.2.4. Léiriú ar an struchtúr mar a leanas:

3.2.4.1. Ar bhoinn chrosdualacha; gan aon mharc, nó an litir 'D' roimh mharc thrastomhas an fhonsa;

3.2.4.2. Ar bhoinn gha-dhualacha; an litir 'R' roimh mharc thrastomhas an fhonsa agus go roghnach an focal 'RADIAL'.

3.2.5. An cur síos úsáide mar a shainmhínítear i mír 2.36.

3.2.6. Más infheidhme, aon chur síos úsáide breise amháin a bhfuil ciorcal timpeall air i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha mhír 6.6.1.2.

3.2.7. An focal 'TUBELESS' más rud é go bhfuil an bonn deartha lena úsáid gan feadán.

3.2.8. An inscríbhinn M+S nó MS nó M.S. nó M & S má aicmítear an bonn sa chatagóir úsáide 'bonn sneachta' nó má aicmítear an bonn sa chatagóir 'bonn úsáide speisialta' i gcás ina sonraíonn an monaróir bonn ag mír 4.1.5.3.1 go gcomhlíonann sé an sainmhíniú i mír 2.8.3. freisin.

3.2.8.1. An tsiombail 'Alpach' (sliabh 3-bheannach agus calóg shneachta air) má aicmítear an bonn sneachta nó an bonn úsáide speisialta mar bhonn tromshneachta.

Beidh an tsiombail 'Alpach' ('sliabh 3-bheannach agus calóg shneachta air') i gcomhréir leis an tsiombail a dtugtar tuairisc uirthi in Iarscríbhinn 7, Foscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe.

3.2.9. An dáta atráchta i bhfoirm grúpa ceithre dhigit, a seasann an chéad dá dhigit díobh d'uimhir na seachtaine agus an dara dá dhigit don bhliain inar atráchtadh an bonn. Is féidir a chumhdach leis an gcód dáta tréimhse tháirgthe ón tseachtain a léirítear leis an uimhir seachtaine suas leis an uimhir seachtaine móide a trí, agus é sin san áireamh. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go léireofaí le marc '2503' bonn a atráchtadh i seachtain 25, 26, 27 nó 28 den bhliain 2003.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an cód dáta marcáilte ach ar aon taobh-bhalla amháin.

3.2.10. I gcás boinn ar féidir iad a ath-eitriú, an tsiombail '' i gciorcal atá 20 mm ar trastomhas ar a laghad, nó an focal 'REGROOVABLE', ar gach taobh-bhalla.

3.2.11. Léiriú, trí bhíthin an innéacs 'PSI' (mar a mhínítear in Iarscríbhinn 7, Foscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo) nó i gcileapascail (kPa), ar an mbrú teannaidh atá le húsáid le haghaidh na dtástálacha strustuirse ualaigh/luais. Ní fhéadfar an léiriú sin a chur ach ar aon taobh-bhalla amháin.

3.2.12. An téarma 'RETREAD'. Arna iarraidh sin don atráchtóir, féadfar an téarma céanna i dteangacha eile a chur leis freisin.

3.2.13. An inscríbhinn 'MPT' (nó mar mhalairt air sin 'ML' nó 'ET') agus/nó 'POR' má aicmítear an bonn sa chatagóir 'bonn úsáide speisialta'. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh an inscríbhinn M+S nó M.S nó M&S air freisin.

Seasann ET do Thrácht Breise, seasann ML do Mhianadóireacht agus Logáil, seasann MPT do Trucail Ilfheidhmeach agus seasann POR do [Bhonn] Gairmiúil Eisbhóthair.

3.2.14. I gcás boinn a atráchtar leis an bpróiseas 'feirbín go feirbín' mar a shainmhínítear i mír 2.42.3, nó le haon phróiseas ina n-athnuaitear ábhar an taobh-bhalla, ní chuirfear an t-aitheantas dá dtagraítear i mír 2.26.5 ach go díreach tar éis mharc thrastomhas an fhonsa dá dtagraítear i mír 2.26.4.

3.2.15. An inscríbhinn 'LT' tar éis an chur síos úsáide, mura marcáiltear é mar chuid de shonrú thoise an bhoinn; boinn a gcuimsítear an iarmhír 'C' nó 'CP' ina sonrú toise, féadfar iad a mharcáil leis an inscríbhinn bhreise 'LT' i bhfad ó shonrú thoise an bhoinn.

3.2.16. An inscríbhinn 'FRT' **i gcás** Bonn Saor-Rollta.

3.2.17. An inscríbhinn 'TRACTION' má aicmítear an bonn mar bhonn tarraingthe ([10])

3.3. Roimh an gceadú, beidh spás saor atá mór a dhóthain ar bhoinn le haghaidh marc ceadaithe dá dtagraítear i mír 5.8 agus a léirítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo.

([10]) Airde íosta na marcála: féach toise C in Iarscríbhinn 3 den Rialachán seo.

3.4. Tar éis an cheadaithe, greamófar na marcanna dá dtagraítear i mír 5.8 agus a léirítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo sa spás saor dá dtagraítear i mír 3.3. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an marc sin greamaithe ach d'aon taobh-bhalla amháin.

3.4.1. I gcás bonn atráchtaithe a aicmítear mar 'bhonn sneachta lena úsáid i ndálaí tromshneachta' nó mar 'bhonn tarraingthe', an marc ceadaithe dá dtagraítear i mír 5.4 de Rialachán Uimh. 172 agus a léirítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis, greamófar é ina theannta sin.

3.5. Na marcanna dá dtagraítear i mír 3.2 agus an marc ceadaithe a fhorordaítear i míreanna 3.4 agus 5.8, beidh siad inléite go soiléir. Beidh siad ardaithe ar dhromchla an bhoinn nó greanta ann nó beidh siad marcáilte go buan ar an mbonn.

3.5.1. [Forchoimeádta]

3.5.2. I gcás nach múnlaítear an dáta atráchta mar a shainmhínítear i mír 3.2.9, cuirfear ar an mbonn é tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dheireadh an phróisis atráchta ag an tsaoráid lena mbaineann.

3.6. A mhéid atá aon cheann de shonraíochtaí an mhonaróra bunaidh inléite i gcónaí tar éis atráchtadh na mbonn, measfar gur sonraíochtaí de chuid an atráchtóra iad le haghaidh an bhoinn atráchtaithe. Más rud é nach bhfuil feidhm ag na sonraíochtaí bunaidh sin tar éis an atráchta, bainfear go hiomlán iad.

3.7. An marc ceadaithe bunaidh 'E' nó 'e' agus an uimhir cheadaithe agus aon mharc ceadaithe nó uimhir cheadaithe ó aonad táirgthe bonn atráchtaithe eile ina dhiaidh sin, bainfear iad murab infheidhme iad a thuilleadh.

4. Iarratas ar cheadú

Is infheidhme na nósanna imeachta seo a leanas maidir le ceadú aonaid táirgthe bonn atráchtaithe:

4.1. Is é an t-atráchtóir nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí a chuirfidh isteach an t-iarratas ar cheadú aonaid táirgthe bonn atráchtaithe. Sonrófar ann:

4.1.1. Achoimre ar struchtúr na cuideachta a tháirgfidh na boinn atráchtaithe.

4.1.2. Tuairisc ghearr ar an gcóras bainistithe cáilíochta, lena n-áirithítear rialú éifeachtach na nósanna imeachta atráchta bonn chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

4.1.3. An t-ainm (na hainmneacha) branda/an trádmharc (na trádmharcanna) atá le cur ar na boinn atráchtaithe a tháirgfear.

4.1.4. An tuairisc thrádála (na tuairiscí trádála)/an ainmníocht tráchtála (na hainmníochtaí tráchtála) (féach mír 2) a d'fhéadfaí a chur ar na boinn atráchtaithe a tháirgfear.

4.1.5. An fhaisnéis seo a leanas i ndáil leis an raon bonn atá le hatráchtadh:

4.1.5.1. an raon toisí boinn;

4.1.5.2. struchtúr na mbonn (crosdualach nó ga-dhualach);

4.1.5.3. catagóir úsáide na mbonn (gnáthbhoinn, boinn sneachta, nó boinn úsáide speisialta);

4.1.5.3.1. Le haghaidh na mbonn a bhaineann leis an gcatagóir úsáide 'bonn úsáide speisialta', a bhféadfadh an inscríbhinn M+S nó M.S nó M&S a bheith orthu.

4.1.5.3.2. An liosta bonn a aicmítear mar bhoinn tromshneachta agus/nó mar bhonn tarraingthe.

4.1.5.3.2.1. Le haghaidh boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as trácht réamhleasaithe nó próiseas leasaithe múnla lena mbaineann an patrún tráchta céanna a chumhdaítear le mír 6.4.4.1, sainaithneofar na boinn go soiléir sa liosta chun an nasc ábhartha a dhéanamh leis an liosta nó leis na liostaí a luaitear i mír 6.4.4.1. (b). Sampla atá sa tábla seo a leanas:

Sonrú thoise an bhoinn, Innéacsanna ualaigh, Siombail luais	TM1	TM2	TM3
215/75 R 17.5 126/124 M	TPM1/TPR1, TA1	—	TPM2/TPR2, TA2
235/75 R 17.5 132/130 M	TPM1/TPR1, TA1	—	—
265/70 R 17.5 138/136 M	—	TPM3/TPR3, TA3	TPM4/TPR4, TA4
245/70 R 19.5 136/134 M	—	—	—
12 R 22.5 152/148 K	—	TPM5/TPR5, TA5	—

Nótaí:

TM: Ainm branda/trádmharc an Mhonaróra Tráchta Réamhleasaithe

TPM: Tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála an Phatrúin Tráchta ón Monaróir tráchta réamhleasaithe

TPR: Tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála an Phatrúin Tráchta ón Atráchtóir murab ionann í agus TPM

TA: Uimhir an cheadaithe a deonaíodh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe don chineál boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as trácht réamhleasaithe nó próiseas leasaithe múnla lena mbaineann trácht ag a bhfuil na príomhghnéithe céanna lena n-áirítear patrún tráchta

4.1.5.3.2.2. Le haghaidh boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla nó trácht réamhleasaithe lena mbaineann an patrún nó na patrúin tráchta chéanna le cineál nua boinn a chumhdaítear le mír 6.4.4.2, sainaithneofar na boinn go soiléir sa liosta chun an nasc ábhartha a dhéanamh leis an liosta nó leis na liostaí a luaitear i mír 6.4.4.2. (b). Sampla atá sa tábla seo a leanas:

Sonrú thoise an bhoinn, Innéacsanna ualaigh, Siombail luais	TM1	TM2	TM3
215/75 R 17.5 126/124 M	TPM1/TPR1, TA1	—	TPM2/TPR2, TA2
235/75 R 17.5 132/130 M	TPM1/TPR1, TA1	—	—
265/70 R 17.5 138/136 M	—	TPM3/TPR3, TA3	TPM4/TPR4, TA4
245/70 R 19.5 136/134 M	—	—	—
12 R 22.5 152/148 K	—	TPM5/TPR5, TA5	—

Nótaí:

TM: Ainm branda/trádmharc an Mhonaróra Bonn

TPM: Tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála an Phatrúin Tráchta ón Monaróir Bonn

TPR: Tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála an Phatrúin Tráchta ón Atráchtóir

TA: Uimhir an cheadaithe a deonaíodh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe don chineál boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an trácht réamhleasaithe nó próiseas leasaithe múnla lena mbaineann trácht ag a bhfuil na príomhghnéithe céanna lena n-áirítear patrún tráchta bonn nua arna gceadú de réir Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe.

4.1.5.3.2.3. Le haghaidh boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla lena mbaineann patrún tráchta a chumhdaítear le mír 6.4.4.3, sainaithneofar na boinn go soiléir sa liosta chun an nasc ábhartha a dhéanamh leis an liosta nó leis na liostaí a luaitear i mír 6.4.4.3. (b). Sampla atá sa tábla seo a leanas:

Sonrú thoise an bhoinn, Innéacsanna ualaigh, Siombail luais	TPR1	TPR2	TPR3
215/75 R 17.5 126/124 M	TA1	—	TA3
235/75 R 17.5 132/130 M	TA1	—	—
265/70 R 17.5 138/136 M	—	TA2	TA3
245/70 R 19.5 136/134 M	—	—	—
12 R 22.5 152/148 K	—	TA2	—

Nótaí:

TPR: Tuairisc thrádála/ainmníocht tráchtála an Phatrúin Trachta ón Atráchtóir

TA: Uimhir an cheadaithe a deonaíodh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe don chineál boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla

4.1.5.4. an córas atráchta agus modh greamaithe na n-ábhar nua atá le húsáid, mar a shainmhínítear i míreanna 2.42 agus 2.46;

4.1.5.5. siombail luais uasta na mbonn atá le hatráchtadh;

4.1.5.5.1. Ní féidir an tsiombail catagóire luais E a úsáid ach amháin le haghaidh an chur síos úsáide breise.

4.1.5.6. innéacs ualaigh uasta na mbonn atá le hatráchtadh;

4.1.5.7. an Caighdeán Idirnáisiúnta um Boinn lena bhfuil an raon bonn i gcomhréir.

4.2. Arna iarraidh sin don Údarás Cineálcheadaithe, cuirfidh an tAtráchtóir samplaí bonn isteach le haghaidh tástála nó cóipeanna de thuarascálacha tástála ó na seirbhísí teicniúla, arna gcur in iúl mar a shonraítear i mír 1. den Rialachán seo.

5. Ceadú

5.1. Ceadú an aonaid táirgthe bonn atráchtaithe ó na húdaráis cheadaithe i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, tá an ceadú sin de dhíth chun boinn a atráchtadh. Déanfaidh an tÚdarás Ceadaithe na bearta is gá mar a shonraítear sa Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na boinn a atráchtfar san aonad táirgthe faoi seach na ceanglais a shonraítear sa Rialachán seo. Beidh an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe go hiomlán freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh na boinn atráchtaithe ceanglais an Rialacháin seo agus go bhfeidhmeoidh siad go leormhaith sa ghnáthúsáid.

5.2. De bhreis ar na gnáthcheanglais le haghaidh an mheasúnaithe tosaigh ar an aonad táirgthe bonn atráchtaithe, beidh an tÚdarás Ceadaithe sásta go mbeidh na nósanna imeachta, an t-oibriú, na treoracha agus an doiciméadacht shonrach arna soláthar ag soláthróirí ábhair i dteanga a bheith sothuigthe ag oibreoirí an aonaid táirgthe bonn atráchtaithe.

5.3. Áiritheoidh an tÚdarás Ceadaithe go mbeidh ar áireamh leis an doiciméadacht nósanna imeachta agus oibríochtaí le haghaidh gach aonaid táirgthe sonraíochtaí, atá iomchuí do na hábhair agus do na próisis deisiúcháin a úsáidfear, maidir le teorainneacha damáiste nó treánna indeisithe ar chreatlach an bhoinn, cibé acu is ann don damáiste sin cheana féin nó a dhéantar an damáiste le linn na bpróiseas ullmhúcháin le haghaidh an atráchta.

5.4. Roimh cheadú a dheonú, ní mór an t-údarás a bheith sásta go bhfuil boinn atráchtaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus gur tugadh na tástálacha i gcrích go rathúil ar chúig shampla ar a laghad agus ar líon samplaí nach gá a bheith os cionn 20 de bhoinn atráchtaithe atá ionadaíoch don raon bonn a tháirgfidh an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe i gcás ina leagtar síos é sin de réir mhíreanna 6.5 agus 6.6.

5.5. I gcás gach teipe a thaifeadtar le linn na dtástálacha, déanfar tástáil ar dhá shampla bhreise de bhonn den tsonraíocht chéanna. Más rud é go dteipeann ar cheann amháin den dá shampla sin nó ar an dá shampla díobh, ansin déanfar tástáil ar dhá shampla dheireanacha. Más rud é go dteipeann ar cheann amháin den dá shampla dheireanacha nó ar an dá shampla díobh, ansin diúltófar don iarratas ar cheadú an aonaid táirgthe bonn atráchtaithe.

5.6. Má chomhlíontar ceanglais uile an Rialacháin seo, deonófar ceadú agus sannfar uimhir cheadaithe do gach aonad táirgthe bonn atráchtaithe a cheadófar. Leis an gcéad dá dhigit den uimhir sin, sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán tráth eisithe an cheadaithe. Beidh '109R' roimh an uimhir cheadaithe, rud a léireoidh go bhfuil feidhm ag an gceadú maidir le bonn a atráchtadh mar a fhorordaítear sa Rialachán seo.

Ní dhéanfaidh an t-údarás céanna an uimhir chéanna a shannadh d'aonad táirgthe eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

5.7. Fógra maidir le ceadú nó síneadh, diúltú nó tarraingt siar an cheadaithe nó scor cinntitheach den táirgeadh de bhun an Rialacháin seo, cuirfear an fógra sin in iúl do na Páirtithe i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm a bheidh i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

5.8. Greamófar go feiceálach de gach bonn atráchtaithe atá i gcomhréir leis an Rialachán seo, sa spás dá dtagraítear i mír 3.3 agus de bhreis ar na marcanna a fhorordaítear i mír 3.2, marc ceadaithe idirnáisiúnta arb é a bheidh ann:

5.8.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus, taobh leis an litir sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([11]); agus

5.8.2. Uimhir cheadaithe mar a shonraítear i mír 5.6.

5.9. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar sampla de leagan amach an mhairc ceadaithe.

6. Ceanglais

6.1. Ní ghlacfar le boinn le haghaidh an chéad atráchta mura bhfuil siad cineálcheadaithe agus mura bhfuil marc 'E' nó 'e' orthu.

6.2. Coinníollacha roimh atráchtadh

6.2.1. Beidh boinn glan agus tirim roimh iniúchadh.

([11]) Mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3).

6.2.2. Roimh shlíobadh, déanfar scrúdú cuimsitheach ar gach bonn go hinmheánach agus go seachtrach chun a oiriúnacht don atráchtadh a áirithiú.

6.2.3. Boinn ar a bhfuil damáiste le feiceáil ar damáiste é mar thoradh ar rólódáil nó ar lagtheannadh, ní dhéanfar iad a atráchtadh.

6.2.4. Boinn ar a bhfuil aon chineál damáiste díobh seo a leanas, ní ghlacfar leo le haghaidh a n-atráchta:

6.2.4.1. Ginearálta:

(a) scoilteadh neamh-indeisithe sa rubar a shíneann chomh fada leis an gcreatlach;

(b) briseadh na creatlaí;

(c) ionsaí suntasach ola nó ceimiceáin;

(d) croí feirbín boinn damáistithe nó briste;

(e) deisiúcháin roimhe sin ar dhamáiste lasmuigh de theorainneacha díobhála sonraithe – féach mír 5.3.

6.2.4.2. Coinníollacha lasmuigh de theorainneacha sonraithe indeisitheachta – féach mír 5.3:

(a) treánna sa chreatlach nó damáiste tar éis an ullmhúcháin le haghaidh deisiú;

(b) damáistí iolracha róghar dá chéile;

(c) meath substaintiúil ar líneáil inmheánach;

(d) damáiste don fheirbín boinn;

(e) cordaí creatlaí nochta;

(f) cordaí scaoilte;

(g) dual-deighilt sa bhanda;

(h) cordaí creatlaí (cruach) a bhfuil dífhoirmiú nó cor buan iontu;

(i) scoilteadh imlíneach os cionn an fheirbín boinn;

(j) corda cruach nó sreang feirbín chreimthe.

6.3. Ullmhúchán

6.3.1. Tar éis slíobadh, agus sula gcuirfear ábhar nua air, déanfar athscrúdú cuimsitheach ar gach bonn, go seachtrach ar a laghad, chun a oiriúnacht leanúnach don atráchtadh a áirithiú.

6.3.2. Ullmhófar an dromchla iomlán ar a bhfuil ábhar nua le cur gan an dromchla sin a róthéamh. Ní bheidh stolltaí slíobtha doimhne ná ábhar scaoilte ar uigeacht an dromchla shlíobtha.

6.3.3. I gcás ina n-úsáidfear ábhar réamhleasaithe, comhlíonfaidh comhrianta an limistéir ullmhaithe ceanglais mhonaróir an ábhair.

6.3.4. Damáiste a dhéantar le linn an tslíobtha, ní sháróidh sé teorainneacha deisithe sainithe, féach mír 5.3, agus ní mór é a dheisiú.

6.3.5. Damáiste slíobtha a dhéantar do bhoinn chrosdhualacha, ní rachaidh sé níos faide ná an dual is faide amach den chreatlach i limistéir an chinn. Glacfar leis gur dual creatlaí atá sa chéad dual a fheictear mura féidir idirdhual a shainaithint go cinnte. Má fheistítear idirdhual, is incheadaithe damáiste logánta.

6.3.6. Is incheadaithe damáiste logánta do bhanda teannta bonn ga-dhualach. I gcás damáiste níos mó, is incheadaithe an banda teanntáin iomlán nó codanna de a athsholáthar. I gcás ina bhfeistítear idirdhual cosantach, agus gur féidir é a shainaithint go cinnte mar idirdhual cosantach, má dhéantar damáiste dó is incheadaithe é a bhaint agus ní gá é a athsholáthar.

6.3.7. Cóireálfar páirteanna cruach nochta a luaithe is féidir le hábhar iomchuí mar a shainíonn monaróir ábhair an ábhair iomchuí sin.

6.4. Atráchtadh bonn

6.4.1. Ní mór don atráchtóir a áirithiú go bhfuil an monaróir ábhair nó an soláthróir ábhar deisiúcháin, lena n-áirítear paistí, freagrach as na nithe seo a leanas:

(a) modh nó modhanna úsáide agus stórála a shainiú, má iarrann an t-atráchtóir é sin orthu, i dteanga náisiúnta na tíre ina bhfuil na hábhair le húsáid;

(b) teorainneacha damáiste dá bhfuil na hábhar deartha a shainiú, má iarrann an t-atráchtóir é sin orthu, i dteanga náisiúnta na tíre ina bhfuil na hábhair le húsáid;

(c) a áirithiú go bhfuil paistí treisithe le haghaidh bonn, má úsáidtear i gceart iad i ndeisiúcháin chreatlaí, oiriúnach don chuspóir;

(d) A áirithiú gur féidir leis na paistí dhá oiread an bhrú teannaidh uasta mar atá sonraithe ag monaróir an bhoinn bunaidh a sheasamh;

(e) oiriúnacht aon ábhair deisiúcháin eile a áirithiú don tseirbhís bheartaithe.

6.4.2. Beidh an t-atráchtóir freagrach as úsáid cheart an ábhair deisiúcháin agus as a áirithiú go bhfuil an deisiú saor ó aon locht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ré feidhme shásúil an bhoinn.

6.4.3. An limistéar timpeall ar dheisiúchán treisithe ar thaobh-bhalla nó ar ghualainn de bhonn ga-dhualach, féadfaidh sé bolgadh de bheagán nuair a fheistítear an bonn agus nuair a theanntar é go dtí an brú oibríochta molta. Úsáidfear ábhair deisiúcháin threisithe lena ngabhann airíonna fisiceacha lena sriantar airde an bholgtha go hairde nach mó ná 4 mm.

6.4.4. Áiritheoidh an t-atráchtóir go ndéanfaidh an monaróir ábhair nó an soláthróir ábhair tráchta boinn agus taobh-bhalla sonraíochtaí a eisiúint maidir le dálaí stórála agus úsáide an ábhair chun cáilíochtaí an ábhair a ráthú. Má iarrann an t-atráchtóir é, beidh an fhaisnéis sin i dteanga náisiúnta na tíre ina bhfuil na hábhair le húsáid.

6.4.4.1. I gcás boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as trácht boinn réamhleasaithe nó trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla lena mbaineann an patrún tráchta céanna nach gcumhdaítear le mír 6.4.4.2 agus a chineálcheadaítear de bhun Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe, áiritheoidh an t-atráchtóir go ndéanfaidh monaróir nó monaróirí nó soláthróir nó soláthróirí an tráchta nó na dtráchtanna boinn a úsáidtear le haghaidh an phróisis atráchta na nithe seo a leanas a sholáthar don Údarás Cineálcheadaithe agus don tSeirbhís Theicniúil a eisíonn an ceadú de réir an Rialacháin seo agus go roghnach don atráchtóir:

(a) Cóip den deimhniú nó de na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe, arna eisiúint nó arna n-eisiúint ag an Údarás Cineálcheadaithe ábhartha;

(b) An liosta nó na liostaí toisí boinn i gceangal leis an deimhniú nó leis na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe. Áireofar leis an liosta nó leis na liostaí na boinn a shainítear i mír 4.1.5.3.2.1. ar a laghad;

(c) An líníocht nó na líníochtaí den phatrún nó de na patrúin tráchta a chumhdaítear sa deimhniú nó sna deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe lena n-áirítear na príomhghnéithe i ndáil leis an bhfeidhmíocht sa sneachta;

(d) Cóip den tuarascáil deiridh ar an gComhréireacht Táirgeachta mar a cheanglaítear i Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe.

6.4.4.2. I gcás boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla nó trácht boinn réamhleasaithe lena mbaineann na príomhghnéithe céanna lena n-áirítear an patrún tráchta céanna nó na patrúin tráchta chéanna le cineál nua boinn a chineálcheadaítear de bhun Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe agus tar éis na ceanglais maidir leis an bhfeidhmíocht íosta sa sneachta i ndálaí tromshneachta agus/nó maidir le haicmiú mar bhonn tarraingthe a chomhlíonadh, áiritheoidh an t-atráchtóir go ndéanfaidh monaróir an chineáil boinn nua na nithe seo a leanas a sholáthar don Údarás Cineálcheadaithe agus don tSeirbhís Theicniúil a eisíonn an ceadú de réir an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe agus go roghnach don atráchtóir:

(a) Cóip den deimhniú nó de na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172, arna eisiúint nó arna n-eisiúint ag an Údarás Cineálcheadaithe ábhartha bunaithe ar an deimhniú nó na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe;

(b) An liosta nó na liostaí toisí boinn i gceangal leis an deimhniú nó leis na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe. Áireofar leis an liosta nó leis na liostaí na boinn a shainítear i mír 4.1.5.3.2.3 ar a laghad;

(c) An líníocht nó na líníochtaí den phatrún nó de na patrúin tráchta a chumhdaítear sa deimhniú nó sna deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe lena n-áirítear na príomhghnéithe i ndáil leis an bhfeidhmíocht sa sneachta;

(d) Cóip den tuarascáil deiridh ar an gComhréireacht Táirgeachta mar a cheanglaítear i Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe.

6.4.4.3. I gcás boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as próiseas leasaithe múnla nach gcumhdaítear le míreanna 6.4.4.1 nó 6.4.4.2 agus a chineálcheadaítear de bhun Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe, soláthróidh an t-atráchtóir na nithe seo a leanas don Údarás Cineálcheadaithe agus don tSeirbhís Theicniúil a eisíonn an ceadú de réir an Rialacháin seo:

(a) Cóip den deimhniú nó de na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe, arna eisiúint nó arna n-eisiúint ag an Údarás Cineálcheadaithe ábhartha;

(b) An liosta nó na liostaí toisí boinn i gceangal leis an deimhniú nó leis na deimhnithe faoi Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe. Áireofar leis an liosta nó leis na liostaí na boinn a shainítear i mír 4.1.5.3.2.4 ar a laghad;

(c) An líníocht nó na líníochtaí den phatrún nó de na patrúin tráchta lena n-áirítear na príomhghnéithe i ndáil leis an bhfeidhmíocht sa sneachta;

(d) Cóip den tuarascáil deiridh ar an gComhréireacht Táirgeachta mar a cheanglaítear i Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe.

6.4.4.4. I gcás boinn atráchtaithe a tháirgtear trí úsáid a bhaint as trácht réamhleasaithe a chineálcheadaítear de bhun Rialachán Uimh. 172 ó na Náisiúin Aontaithe, áiritheoidh an t-atráchtóir go mbeidh ar phacáistíocht an tráchta an greamán ar a bhfuil an marc ceadaithe go dtí go n-osclófar é agus go dtosófar ar a úsáid le haghaidh an phróisis atráchta mura léirítear an marc ceadaithe ar ghualainn an tráchta.

6.4.5. Ní mór don atráchtóir a áirithiú go ndoiciméadaítear an t-ábhar agus/nó an chomhdhúil deisiúcháin i ndeimhniú ón monaróir nó ón soláthróir. Ní mór an chomhdhúil ábhair a bheith oiriúnach d'úsáid bheartaithe an bhoinn.

6.4.6. Déanfar an bonn próiseáilte a leasú a luaithe is féidir tar éis thabhairt i gcrích gach deisiúcháin agus gach oibríochta athchóirithe agus ar a dhéanaí de réir shonraíochtaí mhonaróir an ábhair.

6.4.7. Déanfar an bonn a leasú ar feadh an fhaid ama agus ag an teocht agus ag an mbrú is iomchuí do na hábhair agus don trealamh próiseála a úsáidtear, agus a shonraítear dóibh. Ní mór do thoisí an mhúnla a bheith iomchuí do thiús an ábhair nua agus do mhéid an bhoinn shlíobtha.

6.4.8. Tiús an ábhair bunaidh tar éis slíobadh agus meántiús aon ábhar nua faoin bpatrún tráchta tar éis an atráchta, beidh siad mar a shonraítear i míreanna 6.4.8.1 agus 6.4.8.2.

6.4.8.1. I gcás boinn gha-dhualacha (mm):

$3 \leq (A + B) \leq 13$	(3,0 mm ar a laghad; 13,0 mm ar a mhéad)
$A \geq 2$	(2,0 mm ar a laghad)
$B \geq 0$	(0,0 mm ar a laghad)



P.D. = Doimhneacht an phatrúin

X = Líne shlíobtha

A = Meántiús an ábhair nua faoin bpatrún

B = Tiús íosta an ábhair bunaidh os cionn an bhanda tar éis slíobadh

6.4.8.2. I gcás boinn chrosdhualacha:

Beidh tiús an ábhair bunaidh os cionn an idirdhuail ≥ 0,80 mm;

Beidh meántiús an ábhair nua os cionn na líne cabhlach slíobtha ≥ 2,00 mm;

Beidh tiús comhcheangailte an ábhair bunaidh agus an ábhair nua faoi bhonn na n-eitrí sa phatrún tráchta ≥ 3,00 agus ≤ 13,00 mm.

6.4.9. Ní léireofar i gcur síos úsáide boinn atráchtaithe siombail luais is airde ná innéacs ualaigh is airde ná mar a bhí ar an mbonn bunaidh céad-ré, murar deonaíodh ceadú do mhonaróir an bhoinn bunaidh céad-ré go n-úsáidfí an chreatlach chéanna sin ag an gcur síos úsáide leasaithe.

Faisnéis gur uasghrádaíodh creatlach bhunaidh céad-ré ar an gcaoi sin, cuirfidh Údarás Ceadaithe an fhaisnéis sin ar fáil gan bhac d'aon aonad táirgthe bonn atráchtaithe agus cuirfear an fhaisnéis sin in iúl do pháirtithe eile i gComhaontú 1958 (féach Airteagal 5 den Chomhaontú maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha i dtaca le ceaduithe arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach – doiciméad E/ECE/324-E/ECE/TRANS/505/Rev.3).

An fhoirm chaighdeánach a léirítear in Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe, úsáidfear í chun an fhaisnéis sin a chur in iúl.

6.4.10. Ní cheadófar uasghrádú an chur síos úsáide a thugtar i mír 6.4.9 ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) le haghaidh an chéad atráchta de bhonn bunaidh céad-ré;

(b) le haghaidh cabhail chaite, más rud é go ráthaítear inrianaitheacht na gcreatlach atá le hatráchtadh. Sa chás sin, ní sháróidh an tsiombail luais ná an t-innéacs ualaigh a úsáidtear le haghaidh an atráchta na coinníollacha a luaitear san fhoirm chaighdeánach in Iarscríbhinn 9 de Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh na gcreatlach sin;

(c) le haghaidh cabhail chaite, más rud é nach ráthaítear inrianaitheacht na gcreatlach atá le hatráchtadh ón mbonn bunaidh céad-ré, sa chás sin ní ardófar an tsiombail luais ná an t-innéacs ualaigh os cionn na siombaile nó an innéacs a léirítear ar an gcabhail chaite.

Léireoidh an t-atráchtóir inrianaitheacht na gcreatlach atráchtaithe don údarás ceadaithe.

Maidir le boinn a atráchtadh roimhe sin, ní ardófar an tsiombail luais ná an t-innéacs ualaigh os cionn na siombaile nó an innéacs a léirítear ar an gcabhail chaite.

6.5. Iniúchadh

6.5.1. Tar éis an leasaithe, tráth a choinnítear teas áirithe i mbonn, déanfar scrúdú ar gach bonn atráchtaithe lena áirithiú go bhfuil sé saor ó aon locht follasach. Teannfar an bonn go 150 kPa (1,5 bar) ar a laghad le linn an atráchta nó ina dhiaidh chun scrúdú a dhéanamh air. I gcás ina bhfuil locht le feiceáil ar an mbonn, ní mór scrúdú sonrach a dhéanamh air chur an gníomh iomchuí le haghaidh an bhoinn a chinneadh. Modhanna eile atá níos oiriúnaí ná iniúchadh amhairc nach gá an bonn a theannadh lena n-aghaidh, is féidir iad sin a úsáid freisin le toiliú ón Údarás Ceadaithe.

6.5.2. Roimh an atráchtadh, lena linn nó ina dhiaidh, seiceálfar an bonn uair amháin ar a laghad le haghaidh shláine a struchtúir trí bhíthin modh iniúchta oiriúnach.

6.5.3. Chun críoch rialaithe cáilíochta, déanfar tástáil nó scrúdú scriosach nó neamhscriosach ar líon bonn atráchtaithe. Taifeadfar an líon bonn a sheiceáiltear agus na torthaí.

6.5.4. Tar éis an atráchta, ní mór do thoisí an bhoinn atráchtaithe, arna dtomhas i gcomhréir le hIarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo, a bheith i gcomhréir leis na toisí arna ríomh i gcomhréir leis na nósanna imeachta i mír 7 nó leo siúd a shonraítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Rialachán seo. Tugtar faoi deara:

(a) féadfaidh an trastomhas seachtrach uasta de bhonn atráchtaithe a bheith suas le 1,5 faoin gcéad níos mó na an trastomhas seachtrach uasta den sonrú toise boinn céanna a cheadaítear le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe;

(b) agus féadfaidh an leithead boinn uasta de bhonn ga-dhualach atráchtaithe a bheith suas le 1,5 faoin gcéad níos mó na an leithead boinn uasta den sonrú toise boinn céanna a cheadaítear le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe.

6.6. Tástáil strustuirse ualaigh/luais:

6.6.1. Boinn a atráchtar chun bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh siad an tástáil strustuirse ualaigh/luais a shonraítear in Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

6.6.1.1. I gcás bonn atráchtaithe a chloíonn leis na teaglamaí ualaigh/luais a thugtar sa tábla in Iarscríbhinn 8, ní gá an tástáil strustuirse a leagtar síos i mír 6.6.1 thuas a dhéanamh le haghaidh luachanna ualaigh agus luais seachas na luachanna ainmniúla.

6.6.1.2. I gcás bonn atráchtaithe lena mbaineann cur síos úsáide breise, déanfar an tástáil strustuirse a leagtar síos i mír 6.6.1 thuas freisin ar an dara bonn den toise, den struchtúr agus den phatrún tráchta céanna ag an teaglaim bhreise ualaigh/luais agus ag an mbrú teannaidh is infheidhme. De rogha an atráchtóra, is féidir aon tástáil amháin ag an innéacs ualaigh is airde, ag an tsiombail luais is airde agus ag an mbrú teannaidh tástála is ísle a shonraítear a chur isteach.

6.6.1.2.1. Boinn a mharcáiltear le cur síos úsáide breise faoina léirítear leis an acmhainn ualaigh athrú ar an ualach nach mó é ná 2 faoin gcéad i ndáil le teaglaim ualaigh/luais is infheidhme maidir leis an tsiombail catagóire luais ainmniúil (féach Iarscríbhinn 8), is féidir iad a dhíolmhú ó thástáil bhreise ualaigh/luais, ar choinníoll nach ionann catagóir luais an chur síos úsáide breise agus catagóir luais an chur síos úsáide ainmniúil agus nach marcáiltear an dara brú teannaidh tástála le haghaidh an chur síos úsáide breise.

6.6.2. Bonn atráchtaithe nach léiríonn aon deighilt tráchta, dual-deighilt, nochtadh cordaí, sclamhadh ná cordaí briste tar éis an tástáil strustuirse ualaigh/luais a dhéanamh air, measfar gur éirigh leis sa tástáil.

6.6.3. Ach amháin i gcás boinn lena mbaineann struchtúr gathach, ní bheidh éagsúlacht os cionn 3,5 faoin gcéad ar thrastomhas seachtrach an bhoinn, arna thomhas 6 uair an chloig tar éis na tástála strustuirse ualaigh/luais.

7. Sonraíochtaí

7.1. Boinn a atráchtadh chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, beidh siad i gcomhréir leis na toisí seo a leanas:

7.1.1. Leithead boinn:

7.1.1.1. Déanfar an leithead boinn a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$S = S_1 + K (A – A_1)$$

áit arb é:

S: an leithead boinn iarbhír arna shlánú go dtí an milliméadar is gaire agus arna thomhas ar an bhfonsa tástála;

S_1: luach an 'Leithid Boinn Dearaidh', i gcomparáid leis an bhfonsa tomhais, mar a luaitear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta um Boinn arna shonrú ag an atráchtóir le haghaidh an toise boinn i gceist;

A: leithead an fhonsa tástála i milliméadair;

A_1: leithead an fhonsa tomhais i milliméadair mar a luaitear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta um Boinn arna shonrú ag an atráchtóir le haghaidh an toise boinn i gceist;

K: fachtóir agus glacfar leis go bhfuil sé cothrom le 0,4.

7.1.1.1.1. I gcás boinn a shainaithnítear leis an tsiombail cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa 'A' (féach mír 2.26.4.1), is é 0,6 a bheidh i bhfachtóir 'K'.

7.1.2. Trastomhas seachtrach:

7.1.2.1. Déanfar trastomhas seachtrach teoiriciúil de bhonn atráchtaithe a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$D = d + 2H$$

áit arb é:

D: an trastomhas seachtrach teoiriciúil i milliméadair;

d: an uimhir ghnásúil a shainmhínítear i mír 2.26, i milliméadair;

H: airde thrasghearrthach ainmniúil arna slánú go dtí an milliméadar is gaire agus tá sé cothrom le S_n arna iolrú faoi 0,01 Ra:

áit arb é:

S_n: leithead ainmniúil an bhoinn i milliméadair;

Ra: an cóimheas ainmniúil crutha.

Tá na siombailí thuas uile mar a shonraítear i sonrú thoise an bhoinn a léirítear ar thaobh-bhalla an bhoinn i gcomhréir le ceanglais mhír 3.2.3 agus mar a shainmhínítear i mír 2.26.

7.1.2.2. Mar sin féin, i gcás boinn a dtugtar a sonrú sa chéad cholún de na táblaí in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe, tabharfar an trastomhas seachtrach sna táblaí sin.

7.1.2.3. I gcás boinn a shainaithnítear leis an tsiombail cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa 'A' (féach mír 2.26.4), is é a bheidh sa trastomhas seachtrach an trastomhas seachtrach a shonraítear i sonrú thoise an bhoinn a léirítear ar thaobh-bhalla an bhoinn.

7.1.3. Modh chun boinn atráchtaithe a thomhas:

7.1.3.1. Déanfar toisí bonn atráchtaithe a thomhas i gcomhréir leis na nósanna imeachta a thugtar in Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo.

7.1.4. Sonraíochtaí leithid boinn:

7.1.4.1. Féadfaidh an leithead foriomlán iarbhír a bheith níos lú ná an leithead boinn nó na leithid bhoinn a shocraítear i mír 7.1.1.

7.1.4.2. Féadfaidh sé an luach a shárú le 5,5 faoin gcéad i gcás boinn gha-dhualacha agus 8 faoin gcéad i gcás boinn chrosdhualacha. Mar sin féin, i gcás boinn a bheartaítear d'fheistiú déach (dúbláil) a liostaítear i gcolún A den tábla seo a leanas, féadfaidh leithead foriomlán an bhoinn a bheith níos mó ná an luach a chinntear de bhun mhír 7.1.1 thuas agus na lamháltais a liostaítear i gcolún B á gcur san áireamh. Liostaítear lamháltais shonracha éagsúla eile in Iarscríbhinn 5 Cuid II i bhfonótaí leis na táblaí ábhartha. Déanfar na teorainneacha faoi seach a shlánú go dtí an milliméadar is gaire.

A	B
Boinn mhéadracha gha-dhualacha lena mbaineann leithead boinn ainmniúil os cionn 305 mm agus cóimheas crutha atá níos airde ná 60	3,5 %
Boinn gha-dhualacha a liostaítear in Iarscríbhinn 5 Cuid I lena mbaineann leithead boinn os cionn 305 mm	3,5 %
Boinn mhéadracha chrosdualacha lena mbaineann leithead boinn ainmniúil os cionn 305 mm	4 %
Boinn chrosdualacha a liostaítear in Iarscríbhinn 5 Cuid I lena mbaineann leithead boinn os cionn 305 mm	4 %

7.1.4.3. I gcás boinn a shainaithnítear leis an tsiombail cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa 'A' (féach mír 2.26.4), tá leithead foriomlán an bhoinn, i limistéar íochtarach an bhoinn, cothrom le leithead ainmniúil an fhonsa tomhais (féach mír 2), móide 27 mm.

7.1.4.4. Le haghaidh boinn gha-dhualacha C3 atráchtaithe, féadfar sraith bhreise rubair chosantaigh (ASP) a chur ar an taobh-bhalla suas le 8 mm ar a mhéad níos mó ná an leithead foriomlán den tuairisc thoise boinn chéanna a cheadaítear le Rialachán Uimh. 54 ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) Ní chuirtear an tsraith rubair sin ach ar aon taobh-bhalla amháin;

(b) Marcáiltear an fhoclaíocht 'ASP' agus an fhoclaíocht 'OUTSIDE' ar an taobh-bhalla lena mbaineann, airde 8 mm ar a laghad sa dá mharcáil;

(c) Is é innéacs J (100 km/u) an rátáil luais uasta a cheadaítear;

(d) I gcás feistiú déach (dúbláil), ní cheadaítear ach aon bhonn amháin le ASP agus ní mór an bonn sin a fheistiú ar shuíomh an rotha sheachtraigh.

7.1.5. Sonraíochtaí trastomhais sheachtraigh

7.1.5.1. Ní bheidh trastomhas seachtrach iarbhír boinn atráchtaithe lasmuigh de luachanna D_{min} agus D_{max} a fhaightear leis na foirmlí seo a leanas:

$$D_{min} = d + 2 \bullet H_{min}$$

$$D_{max} = 1{,}015 \bullet [d + 2 \bullet H_{max}]$$

áit arb é:

H_{min} = H • a arna shlánú go dtí an mm is gaire

H_{max} = H • b arna shlánú go dtí an mm is gaire

7.1.5.1.1. I gcás toisí nach dtugtar sna táblaí in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Rialachán seo, tá 'H' agus 'd' mar a shainmhínítear i mír 7.1.2.1.

7.1.5.1.2. Le haghaidh toisí dá dtagraítear i mír 7.1.2.2 agus le haghaidh boinn a shainaithnítear leis an tsiombail cumraíochta feistithe boinn ar fhonsa 'A' (féach mír 2.26.4), tá an airde thrasghearrthach ainmniúil 'H' cothrom le:

H = 0,5(D – d), arna shlánú go dtí an milliméadar is gaire

i gcás ina bhfuil 'D' agus 'd' mar a shainmhínítear i mír 7.1.2.1.

7.1.5.1.3. An chomhéifeacht 'a' = 0,97.

7.1.5.1.4. Is é atá sa chomhéifeacht 'b':

	Boinn gha-dhualacha	Boinn chrosdhualacha agus boinn fhiarthrasnánacha
Le haghaidh boinn ghnáthúsáide	1,04	1,07
Le haghaidh boinn úsáide speisialta	1,06	1,09

7.1.5.2. I gcás boinn sneachta, féadfar an trastomhas seachtrach uasta (Dmax) a ríomhtar i mír 7.1.5.1 a shárú le 1 faoin gcéad ar a mhéad.

7.2. Chun go n-aicmeofar bonn mar 'bhonn úsáide speisialta', beidh patrún blocthráchta aige ina mbeidh na bloic (*) níos mó agus níos fairsinge ná mar a bheidh siad ag gnáthbhoinn agus beidh na saintréithe seo a leanas acu:

(a) I gcás bhoinn C2: doimhneacht snáithe ≥ 11 mm agus cóimheas idir clais agus droim ≥ 35 faoin gcéad.

(b) I gcás bhoinn C3: doimhneacht snáithe ≥ 16 mm agus cóimheas idir clais agus droim ≥ 35 faoin gcéad.

(*) féadfar bloic a bheith i gcruth cluaisíní agus cléataí.

7.3. Chun go n-aicmeofar bonn mar 'bhonn gairmiúil eisbhóthair', comhlíonfaidh bonn úsáide speisialta an ceanglas breise seo a leanas:

(a) I gcás bhoinn C2, catagóir luais uasta atá níos lú ná 160 km/u nó cothrom leis (siombail catagóire luais Q).

(b) I gcás bhoinn C3, catagóir luais uasta atá níos lú ná 110 km/u nó cothrom leis (siombail catagóire luais K).

8. Modhnuithe agus síneadh ar an gceadú

8.1. Gach modhnú maidir le haonad táirgthe bonn atráchtaithe lena leasaítear aon chuid den fhaisnéis a thug an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe san Iarratas ar Cheadú, féach mír 4, tabharfar fógra faoin modhnú sin don Údarás Ceadaithe a cheadaigh an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás sin ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

8.1.1. A mheas nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na modhnuithe a rinneadh agus go gcomhlíonann an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe na ceanglais fós in aon chás; nó

8.1.2. A cheangal go ndéanfar imscrúdú breise ar an gceadú.

8.2. Deimhniú nó diúltú ceadaithe, ina sonrófar na modhnuithe, is de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 5.7 a dhéanfar é a chur in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm.

8.3. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil a eisíonn an síneadh leis an gceadú sraithuimhir a shannadh do shíneadh den sórt sin agus déanfaidh sé na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a chur ar an eolas faoi sin trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. Comhréireacht táirgeachta

Beidh na nósanna imeachta comhréireachta táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa Chomhaontú, Foscríbhinn 2 (E/ECE/324-E/ECE/TRANS/505/Rev.3), agus na ceanglais seo a leanas ann:

9.1. An t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe a cheadaítear de réir an Rialacháin seo, beidh sé i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i mír 6;

9.2. Áiritheoidh sealbhóir an cheadaithe go ndéanfar an líon bonn seo a leanas ar a laghad, atá ionadaíoch don raon arna tháirgeadh, a sheiceáil agus a thástáil mar a leagtar síos sa Rialachán seo:

0,01 faoin gcéad den táirgeadh bliantúil iomlán ach in aon chás líon nach lú ná 2 bhonn agus líon nach gá a bheith os cionn 10 mbonn le linn gach bliana táirgeachta, agus atá scaipthe ar fud na bliana sin;

9.3. Más rud é go ndéanann an tÚdarás Cineálcheadaithe ceanglais mhír 9.2 nó go ndéantar faoina rialú iad, féadfar na torthaí a úsáid mar chuid de na ceanglais a leagtar síos i mír 9.4. nó ina n-ionad sin;

9.4. An t-údarás a cheadaigh an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe, féadfaidh sé na modhanna rialaithe comhréireachta arna gcur i bhfeidhm i ngach saoráid táirgthe a fhíorú tráth ar bith. Maidir le gach saoráid táirgthe, tógfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe samplaí ar bhonn randamach agus déanfar an líon bonn seo a leanas ar a laghad, atá ionadaíoch don raon arna tháirgeadh, a sheiceáil agus a thástáil mar a leagtar síos sa Rialachán seo:

0,01 faoin gcéad den táirgeadh bliantúil iomlán ach in aon chás líon nach lú ná 2 bhonn agus líon nach gá a bheith os cionn 10 mbonn le linn gach bliana táirgeachta;

9.5. Féadfar na tástálacha agus na seiceálacha i mír 9.4 a chur in ionad na dtástálacha agus na seiceálacha sin a cheanglaítear i mír 9.2.

10. Pionóis de dheasca neamhchomhréireacht táirgeachta

10.1. An ceadú a deonaíodh i ndáil le haonad táirgthe bonn atráchtaithe de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar más rud é nach gcomhlíontar ceanglais mhír 9 nó más rud é nár chomhlíon an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe nó na boinn atráchtaithe arna dtáirgeadh san aonad táirgthe bonn atráchtaithe sin na ceanglais a leagtar síos i mír 9.

10.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a léirítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

11. Scor cinntitheach den táirgeadh

An t-údarás a dheonaigh ceadú an aonaid táirgthe bonn atráchtaithe, cuirfear ar an eolas é más rud é go dtiocfaidh deireadh le hoibríochtaí agus le monarú bonn atráchtaithe a ceadaíodh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Tar éis don údarás an fhaisnéis sin a fháil, cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl do na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach a léirítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

12. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, na saotharlann tástála, agus na nÚdarás Cineálcheadaithe

12.1. Na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus, i gcás inarb infheidhme, ainmneacha agus seoltaí na saotharlann tástála ceadaithe agus Údarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, ar chucu atá foirmeacha le seoladh lena ndeimhnítear ceadú nó síneadh a chur le ceadú nó diúltú ceadaithe nó tarraingt siar ceadaithe, nó scor cinntitheach den táirgeadh, arna n-eisiúint i dtíortha eile.

12.2. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm saotharlanna monaróirí bonn nó aonaid táirgthe bonn atráchtaithe a ainmniú mar shaotharlanna tástála ceadaithe.

12.3. I gcás ina gcuireann Páirtí Conarthach i gComhaontú 1958 mír 12.2 thuas i bhfeidhm, féadfaidh duine amháin nó níos mó dá rogha féin ionadaíocht a dhéanamh dó, más mian leis, ag na tástálacha.

13. Forálacha idirthréimhseacha

13.1. Ó dháta oifigiúil theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná ní dhiúltóidh siad glacadh le cineálcheaduithe faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 01.

13.2 Leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh le cineálcheaduithe na n-aonad táirgthe bonn atráchtaithe, agus de shíneadh ar cheaduithe i leith na n-aonad sin a dheonú, faoin tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin ar an Rialachán seo nach ndéantar difear dóibh leis na hathruithe a tugadh isteach le sraith leasuithe 01.

13.3. Ón 1 Meán Fómhair 2025, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe arna n-eisiúint de réir na sraithe leasuithe roimhe sin a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2025.

13.4. Go dtí an 1 Meán Fómhair 2028, glacfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm le cineálcheaduithe arna n-eisiúint de réir na sraithe leasuithe a bhí ann roimhe sin agus deonóidh siad síneadh ar na cineálcheaduithe sin, a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2025.

IARSCRÍBHINN 1

Fógra

(Formáid uasta: A4 (210 × 297 mm))



Arna eisiúint ag: Ainm an Údaráis Cineálcheadaithe:
……
……
……

maidir le ([2]):
Ceadú deonaithe
Síneadh curtha le ceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú tarraingthe siar
Scor cinntitheach den táirgeadh

i ndáil le haonad táirgthe bonn atráchtaithe de bhun Rialachán Uimh. 109 ó na Náisiúin Aontaithe.

Uimhir an Cheadaithe: …… Uimhir an tSínidh: ……

1. Ainm agus seoladh an atráchtóra: ……

2. Ainm agus seoladh an aonaid táirgthe bonn atráchtaithe: ……

3. Ainm agus seoladh ionadaí an atráchtóra, más infheidhme: ……

4. Tuairisc achomair mar a shainmhínítear i míreanna 4.1.3, 4.1.4 agus 4.1.5 den Rialachán seo:

4.1. Ainm (ainmneacha) branda/trádmharc (trádmharcanna) ([3]) ……

4.2. Tuairisc thrádála (tuairiscí trádála)/ Ainmníocht (ainmníochtaí) tráchtála ([3]) ……

4.3. Faisnéis i ndáil leis an raon bonn mar a shainmhínítear i mír 4.1.5 den Rialachán seo: ……

5. Seirbhís theicniúil agus, i gcás inarb infheidhme, saotharlann tástála arna ceadú chun an chomhréireacht a cheadú nó a fhíorú: ……

6. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

7. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

8. An chúis nó na cúiseanna leis an síneadh (más infheidhme): ……

9. Barúlacha (más ann dóibh): ……

([1]) Sainuimhir na tíre a rinne ceadú a dheonú/a dhiúltú/a tharraingt siar nó a chuir síneadh leis an gceadú (féach na forálacha maidir le ceadú sa Rialachán).
([2]) Scrios na cinn nach mbaineann le hábhar.
([3]) Féadfar liosta ainmneacha branda/trádmharcanna nó tuairiscí trádála/ainmníochtaí tráchtála a chur i gceangal leis an bhfógra seo.

10. Áit: .....

11. Dáta: .....

12. Síniú: .....

13. Tá liosta doiciméad curtha i gceangal leis an bhfógra seo sa chomhad ceadaithe a taisceadh ag an Údarás Ceadaithe a bhreithnigh an ceadú seo agus ar féidir é a fháil ach é a iarraidh.

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach mairc ceadaithe



a = 12 mm ar a laghad

Léirítear leis an marc ceadaithe thuas atá greamaithe de bhonn atráchtaithe gur ceadaíodh an t-aonad táirgthe bonn atráchtaithe lena mbaineann san Ísiltír (E4) faoi uimhir cheadaithe 109R012439, a chomhlíonann ceanglais shraith leasuithe 01 ar an Rialachán seo.

Ní mór an uimhir cheadaithe a chur gar don chiorcal agus os cionn na litreach 'E' nó faoina bun nó ar chlé nó ar dheis den litir sin. Ní mór digití na huimhreach ceadaithe a bheith ar an taobh céanna den litir 'E' agus ag féachaint sa treo céanna. Ba cheart úsáid uimhreacha Rómánacha mar uimhreacha ceadaithe a sheachaint chun aon mhearbhall idir iad agus siombailí eile a chosc.

IARSCRÍBHINN 3

Leagan amach marcanna boinn atráchtaithe

1. Sampla 1:



([1]) Ceadaítear marcáil PSI in ionad kPa i gcás boinn a cineálcheadaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2018. Féadfar 'TEST AT:' nó, de rogha air sin, 'TEST INFL:' nó an tsiombail '@' a chur roimh an marcáil kPa.

Sampla 2:



([2]) Is féidir 'TEST INFL:' nó an tsiombail '@' a chur in ionad 'TEST AT :' nó is féidir é a fhágáil ar lár.

([3]) Tá sé roghnach an dara brú teannaidh a léiriú le haghaidh an chur síos úsáide breise. Murab ann do léiriú, tá feidhm ag an teannadh tástála céanna maidir leis an dá theaglaim ualaigh/luais.

Ceanglais ó thaobh toisí de le haghaidh marcálacha breise ([4]):



([4]) I gcás inar cuid de mharcáil shonrú thoise an bhoinn iad 'ML' agus 'MPT', tá feidhm ag an toise íosta *b*.

	Airdí íosta na marcálacha (mm)
b	6
c	4
d	6

Sainítear leis an sampla thuas bonn atráchtaithe:

— Lena mbaineann leithead ainmniúil boinn 255;

— Lena mbaineann cóimheas ainmniúil crutha 70;

— De struchtúr ga-dhualach (R);

— Lena mbaineann trastomhas ainmniúil fonsa 572 mm, arb é 22,5 an cód lena aghaidh sin;

— Lena mbaineann acmhainní ualaigh 3 150 kg (feistiú aonair) agus 2 900 kg (dúbláil nó feistiú déach), a chomhfhreagraíonn do na hinnéacsanna ualaigh 148 agus 145 faoi seach a léirítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo;

— Lena mbaineann siombail luais ainmniúil J (luas tagartha 100 km/u);

— Ar féidir é a úsáid freisin ag 120 km/u (siombail catagóire luais L); lena mbaineann acmhainn ualaigh 3 000 kg (feistiú aonair) agus 2 725 kg (dúbláil nó feistiú déach), a chomhfhreagraíonn do na hinnéacsanna ualaigh 146 agus 143 faoi seach a léirítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo;

— Atá beartaithe le húsáid gan feadán ('TUBELESS') agus de chineál sneachta (M+S);

— A atráchtadh i seachtain 25, 26, 27 nó 28 den bhliain 2003;

— Ar gá é a theannadh go 800 kPa le haghaidh an dá thástáil strustuirse ualaigh/luais i Sampla 1 agus go 800 kPa le haghaidh na tástála strustuirse ualaigh/luais de réir na príomhtheaglama ualaigh/luais agus 750 kPa le haghaidh na tástála de réir na teaglama breise ualaigh/luais i Sampla 2.

2. I gcás sonrach boinn lena mbaineann cumraíocht feistithe boinn ar fhonsa 'A', beidh an marc i bhfoirm an tsampla seo a leanas:

235-700 R 450A

áit arb é:

235 an leithead ainmniúil boinn in mm

700 an trastomhas seachtrach arna shloinneadh in mm

R léiriú ar struchtúr an bhoinn – féach mír 3.1.3 den Rialachán seo

450 trastomhas ainmniúil an fhonsa arna shloinneadh in mm;

A an chumraíocht feistithe boinn ar fhonsa.

Beidh marcáil an innéacs ualaigh, an chatagóir luais, an dáta monaraithe agus marcanna eile mar a shonraítear i sampla 1 thuas.

3. Is mar a leanas a bheidh leagan amach agus ord na marcanna i sonrú an bhoinn:

(a) Déanfar an sonrú toise mar a shainmhínítear i mír 2 den Rialachán seo a ghrúpáil mar a léirítear sna samplaí thuas: 255/70 R 22.5 nó 235-700 R 450 A.

(b) An cur síos úsáide ina gcuimsítear an t-innéacs nó na hinnéacsanna ualaigh agus an tsiombail nó na siombailí luais, cuirfear é díreach tar éis shonrú thoise an bhoinn mar a shainmhínítear i mír 2. den Rialachán seo.

(c) Féadfaidh an tsiombail 'TUBELESS' agus 'M+S' a bheith ar shiúl ó shiombail an tsonraithe toise.

(d) Féadfaidh an focal 'RETREAD' a bheith i bhfad ó shiombail an tsonraithe toise.

(e) Má tá feidhm ag mír 3.2.6 den Rialachán seo, an cur síos úsáide breise ina gcuimsítear na hinnéacsanna ualaigh agus an tsiombail luais, léireofar é i gciorcal gar don chur síos úsáide ainmniúil atá le feiceáil ar thaobh-bhalla an bhoinn.

(f) Más ann do dhá léiriú le haghaidh an bhrú teannaidh tástála, ní mór iad a léiriú ar bhealach gur léir cé acu léiriú brú a bhaineann le gach teaglaim ualaigh/luais.

IARSCRÍBHINN 4

Liosta innéacsanna ualaigh agus acmhainní ualaigh comhfhreagracha

Innéacs ualaigh (LI) agus acmhainn ualaigh – kg													
LI	kg	LI	kg	LI	kg	LI	kg	LI	kg	LI	kg	I	kg
0	45	40	140	80	450	120	1 400	160	4 500	200	14 000	240	45 000
1	46,2	41	145	81	462	121	1 450	161	4 625	201	14 500	241	46 250
2	47,5	42	150	82	475	122	1 500	162	4 750	202	15 000	242	47 500
3	48,7	43	155	83	487	123	1 550	163	4 875	203	15 500	243	48 750
4	50	44	160	84	500	124	1 600	164	5 000	204	16 000	244	50 000
5	51,5	45	165	85	515	125	1 650	165	5 150	205	16 500	245	51 500
6	53	46	170	86	530	126	1 700	166	5 300	206	17 000	246	53 000
7	54,5	47	175	87	545	127	1 750	167	5 450	207	17 500	247	54 500
8	56	48	180	88	560	128	1 800	168	5 600	208	18 000	248	56 000
9	58	49	185	89	580	129	1 850	169	5 800	209	18 500	249	58 000
10	60	50	190	90	600	130	1 900	170	6 000	210	19 000	250	60 000
11	61,5	51	195	91	615	131	1 950	171	6 150	211	19 500	251	61 500
12	63	52	200	92	630	132	2 000	172	6 300	212	20 000	252	63 000
13	65	53	206	93	650	133	2 060	173	6 500	213	20 600	253	65 000
14	67	54	212	94	670	134	2 120	174	6 700	214	21 200	254	67 000
15	69	55	218	95	690	135	2 180	175	6 900	215	21 800	255	69 000
16	71	56	224	96	710	136	2 240	176	7 100	216	22 400	256	71 000
17	73	57	230	97	730	137	2 300	177	7 300	217	23 000	257	73 000
18	75	58	236	98	750	138	2 360	178	7 500	218	23 600	258	75 000
19	77,5	59	243	99	775	139	2 430	179	7 750	219	24 300	259	77 500
20	80	60	250	100	800	140	2 500	180	8 000	220	25 000	260	80 000
21	82,5	61	257	101	825	141	2 575	181	8 250	221	25 750	261	82 500
22	85	62	265	102	850	142	2 650	182	8 500	222	26 500	262	85 000
23	87,5	63	272	103	875	143	2 725	183	8 750	223	27 250	263	87 500
24	90	64	280	104	900	144	2 800	184	9 000	224	28 000	264	90 000
25	92,5	65	290	105	925	145	2 900	185	9 250	225	29 000	265	92 500
26	95	66	300	106	950	146	3 000	186	9 500	226	30 000	266	95 000
27	97,5	67	307	107	975	147	3 075	187	9 750	227	30 750	267	97 500
28	100	68	315	108	1 000	148	3 150	188	10 000	228	31 500	268	100 000
29	103	69	325	109	1 030	149	3 250	189	10 300	229	32 500	269	103 000
30	106	70	335	110	1 060	150	3 350	190	10 600	230	33 500	270	106 000
31	109	71	345	111	1 090	151	3 450	191	10 900	231	34 500	271	109 000
32	112	72	355	112	1 120	152	3 550	192	11 200	232	35 500	272	112 000
33	115	73	365	113	1 150	153	3 650	193	11 500	233	36 500	273	115 000
34	118	74	375	114	1 180	154	3 750	194	11 800	234	37 500	274	118 000
35	121	75	387	115	1 215	155	3 875	195	12 150	235	38 750	275	121 500
36	125	76	400	116	1 250	156	4 000	196	12 500	236	40 000	276	125 000
37	128	77	412	117	1 285	157	4 125	197	12 850	237	41 250	277	128 500
38	132	78	425	118	1 320	158	4 250	198	13 200	238	42 500	278	132 000
39	136	79	437	119	1 360	159	4 375	199	13 600	239	43 750	279	136 000

IARSCRÍBHINN 5

Sonrú thoise an bhoinn agus toisí

(i gcomhréir le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe)

Féach iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe le haghaidh na faisnéise sin.

Tugtar faoi deara maidir le mír 6.5.4. den Rialachán seo, i ndáil le trastomhas seachtrach boinn atráchtaithe agus leithead boinn de bhonn ga-dhualach atráchtaithe, go bhféadfaidh siad i ngach cás a bheith níos mó ná mar a léirítear sna táblaí in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 54, *ach gan bheith os cionn 1,5 faoin gcéad níos mó*.

Leithead boinn de bhonn ga-dhualach atráchtaithe lena mbaineann ASP, féadfaidh sé i ngach cás a bheith níos mó ná mar a léirítear sna táblaí in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 54, ach gan bheith os cionn 8 mm níos mó.

IARSCRÍBHINN 6

Modh chun boinn a thomhas

1. Feisteofar an bonn ar an bhfonsa tástála arna shonrú ag an atráchtóir agus teannfar é go dtí an brú teannaidh ainmniúil a shonraítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta ainmnithe um Boinn (féach mír 4.1.4.7 den Rialachán seo) i ndáil leis an acmhainn uasta iompair ualaigh le haghaidh an toise agus an innéacs ualaigh sin.

2. Déanfar an bonn, feistithe ar an bhfonsa iomchuí, a stálú go teocht chomhthimpeallach na saotharlainne ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt le mír 6.6.3 den Rialachán seo.

3. Déanfar an brú a athchoigeartú de réir an luacha i mír 1 den iarscríbhinn seo.

4. Déantar an leithead foriomlán a thomhas ag sé phointe atá spásáilte go cothrom timpeall ar an mbonn, agus cuirtear san áireamh tiús na n-easnacha nó na mbandaí cosanta. An tomhas is airde a fhaightear, glactar leis mar an leithead foriomlán.

5. Ríomhfar an trastomhas seachtrach ó thomhas d'imlíne uasta an bhoinn theannta.

IARSCRÍBHINN 7

Nós imeachta le haghaidh tástálacha strustuirse ualaigh/luais

(i bprionsabal i gcomhréir le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe)

1. Ullmhú an bhoinn

1.1. Feistigh bonn atráchtaithe ar an bhfonsa tástála arna shonrú ag an atráchtóir.

1.2. Úsáid feadán nua nó teaglaim d'fheadán, comhla agus flapa (de réir mar is gá) agus boinn ag a bhfuil feadán á dtástáil.

1.3. Teann an bonn go dtí an brú a chomhfhreagraíonn don léiriú ar an taobh-bhalla a shonraítear i mír 3.2.11 den Rialachán seo.

1.4. Déan an chóimeáil bhoinn agus rotha a stálú ag teocht an tseomra tástála ar feadh tréimhse nach lú ná 3 uair an chloig.

1.5. Athchoigeartaigh brú an bhoinn go dtí an brú a shonraítear i mír 1.3 den iarscríbhinn seo.

2. Nós imeachta tástála

2.1. Feistigh an chóimeáil bhoinn agus rotha ar an acastóir tástála agus brúigh í in aghaidh dromchla seachtrach druma tástála chumhacht-tiomáinte ag a bhfuil dromchla comhréidh ar trastomhas 1,70 m ± 1 faoin gcéad ar a laghad ag a bhfuil dromchla atá chomh leathan céanna leis an trácht boinn ar a laghad.

2.2. Cuir sraith ualaí tástála ar an acastóir tástála atá cothrom le céatadán den ualach a léirítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo, a chomhfhreagraíonn don innéacs ualaigh a léirítear ar an mbonn, agus i gcomhréir leis an gclár tástála thíos. I gcás ina bhfuil innéacsanna ualaigh ag an mbonn maidir le hoibriú i bhfoirmíocht aonair agus i bhfoirmíocht chúplála nó dhéach araon, an t-ualach a chomhfhreagraíonn don innéacs ualaigh le haghaidh na hoibríochta aonair, is é a úsáidfear le haghaidh na tástála.

2.2.1. I gcás boinn lena mbaineann acmhainn luais os cionn 150 km/u (siombail luais 'Q' agus os a cionn, móide 'H'), beidh an nós imeachta tástála mar a shonraítear i mír 3 den iarscríbhinn seo.

2.2.2. Le haghaidh gach boinn eile, tá an nós imeachta tástála mar a shonraítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo.

2.3. Clár Tástála Strustuirse – Féach freisin Foscríbhinn 1 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo.

2.3.1. Ní cheartófar brú an bhoinn agus an tástáil ar siúl agus déanfar an t-ualach tástála a choinneáil seasmhach i rith gach ceann de na trí chéim thástála.

2.3.2. I rith na tástála, coinneofar an teocht sa seomra tástála idir 20 °C agus 30 °C mura dtoilíonn monaróir nó atráchtóir an bhoinn le húsáid teochta is airde.

2.4. Déanfar an clár tástála strustuirse gan bhriseadh.

3. Clár tástála ualaigh/luais le haghaidh boinn lena mbaineann acmhainn luais os cionn 150 km/u (siombail luais 'Q' agus os a cionn, móide 'H').

3.1. Tá feidhm ag an gclár seo maidir leo seo a leanas:

3.1.1. Gach bonn lena mbaineann innéacs ualaigh i bhfeistiú aonair atá cothrom le 121 nó níos lú ná sin;

3.1.2. Boinn lena mbaineann innéacs ualaigh i bhfeistiú aonair atá cothrom le 122 nó níos mó ná sin agus ar a bhfuil an mharcáil bhreise 'C' nó 'LT' dá dtagraítear i mír 3.2.15 den Rialachán seo.

3.2. Beidh san ualach ar an roth agus ar an mbonn an céatadán seo a leanas den ualach a chomhfhreagraíonn d'innéacs ualaigh an bhoinn:

3.2.1. 90 faoin gcéad nuair a dhéantar an tástáil ar dhruma ar trastomhas 1,70 m ± 1 faoin gcéad;

3.2.2. 92 faoin gcéad nuair a dhéantar an tástáil ar dhruma ar trastomhas 2,00 m ± 1 faoin gcéad.

3.3. Beidh luas na céime tosaigh den tástáil 20 km/u níos lú ná an luas a léirítear leis an tsiombail luais le haghaidh an bhoinn.

3.3.1. Is é 10 nóiméad an t-am a ghlacfar chun an luas tástála tosaigh a bhaint amach.

3.3.2. Fad 10 nóiméad a bheidh sa chéad chéim.

3.4. Beidh luas an dara céim den tástáil 10 km/u níos lú ná an luas a léirítear leis an tsiombail luais le haghaidh an bhoinn.

3.4.1. Fad 10 nóiméad a bheidh sa dara céim.

3.5. Is é a bheidh i luas na céime deiridh den tástáil an luas a chomhfhreagraíonn don luas a léirítear leis an tsiombail luais le haghaidh an bhoinn.

3.5.1. Fad 30 nóiméad a bheidh sa chéim dheiridh.

3.6. Fad 1 uair an chloig a bheidh sa tástáil iomlán.

4. Modh tástála coibhéiseach:

Má úsáidtear modh tástála seachas an modh a shonraítear i míreanna 2 nó 3 den iarscríbhinn seo, ní mór a choibhéiseacht a léiriú.

IARSCRÍBHINN 7 – Foscríbhinn 1

Clár tástála strustuirse

Innéacs ualaigh	Siombail luais	Luas an druma tástála [km.u^{-1}]		An t-ualach a chuirtear ar an roth mar chéatadán den ualach a chomhfhreagraíonn don innéacs ualaigh		
		Boinn ghadhualacha	Boinn chrosdhualacha	7 n-uair an chloig	16 uair an chloig	24 uair an chloig
122 nó níos mó	E	32	32			
	F	32	32			
	G	40	32			
	J	48	40			
	K	56	48			
	L	64	—			
	M	72	—	66 %	84 %	101 %
	N	80	—			
121 nó níos lú	E	32	32			
	F	32	32			
	G	40	40			
	J	48	48			
	K	56	56			
	L	64	56	70 %	88 %	106 %
				4 uair an chloig	*6 uair an chloig*	
	M	80	64	75 %	97 %	114 %
	N	88	—	75 %	97 %	114 %
	P	96	—	75 %	97 %	114 %

Nótaí:

(1) Boinn ‘úsáide speisialta’ (féach mír 2.8 den Rialachán seo), déanfar iad a thástáil ag luas atá cothrom le 85 faoin gcéad den luas a leagtar síos le haghaidh gnáthbhoinn choibhéiseacha.

(2) Boinn lena mbaineann innéacs ualaigh atá cothrom le 122 nó níos mó ná sin, siombail luais ‘N’ nó ‘P’ agus a n-áirítear na marcálacha breise ‘C’ nó ‘LT’ i sonrú thoise an bhoinn (dá dtagraítear i mír 3.2.15 den Rialachán seo), déanfar iad a thástáil leis an gclár céanna mar a shonraítear sa tábla thuas le haghaidh boinn lena mbaineann innéacs ualaigh atá cothrom le 121 nó níos lú ná sin.

(3) I gcás trastomhas druma tástála atá níos mó ná 1 700 mm ± 1 faoin gcéad, méadófar an ‘céatadán den ualach tástála’ thuas mar a leanas:

$$F_1 = K \bullet F_2$$

Áit arb é:

$$K = \sqrt{\frac{(R_1 / R_2) \bullet (R_2 + r_T)}{(R_1 + r_T)}}$$

R_1 trastomhas an druma tástála, i milliméadair

R_2 trastomhas an druma tástála tagartha de 1 700 mm

r_T trastomhas seachtrach an bhoinn (féach mír 6.1.5 de Rialachán Uimh. 54), i milliméadair

F_1 an céatadán den ualach atá le cur i bhfeidhm le haghaidh an druma tástála

F_2 an céatadán den ualach, mar a shonraítear sa tábla thuas, atá le cur i bhfeidhm le haghaidh an druma tástála tagartha de 1 700 mm

Sampla:

K = 1 le haghaidh thrastomhas druma tástála 1 700 mm;

I gcás trastomhas druma tástála 3 000 mm agus trastomhas boinn 1 500 mm:

$$K = \sqrt{\frac{(3\,000 \ / \ 1\,700) \ \bullet (1\,700 \ + 1\,500)}{(3\,000 \ + 1\,500)}} = 1,12$$

IARSCRÍBHINN 7 – Foscríbhinn 2

An gaol idir an t-innéacs brú agus aonaid bhrú

Innéacs brú ('PSI')	bar	kPa
20	1,4	140
25	1,7	170
30	2,1	210
35	2,4	240
40	2,8	280
45	3,1	310
50	3,4	340
55	3,8	380
60	4,1	410
65	4,5	450
70	4,8	480
75	5,2	520
80	5,5	550
85	5,9	590
90	6,2	620
95	6,6	660
100	6,9	690
105	7,2	720
110	7,6	760
115	7,9	790
120	8,3	830
125	8,6	860
130	9,0	900
135	9,3	930
140	9,7	970
145	10,0	1 000
150	10,3	1 030
...	...	...

IARSCRÍBHINN 8

Athrú ar an acmhainn ualaigh de réir luais: boinn feithicle tráchtála

BOINN GHA-DHUALACHA AGUS CHROSDHUALACHA

(i gcomhréir le Rialachán Uimh. 54 ó na Náisiúin Aontaithe)

Athrú ar an acmhainn ualaigh (céatadán)										
Luas (km/u)	Gach innéacs ualaigh				Innéacsanna ualaigh ≥ 122 [1]		Innéacsanna ualaigh ≤ 121 [1]			
	Siombail catagóire luais				Siombail catagóire luais		Siombail catagóire luais			
	F	G	J	K	L	M	L	M	N	P [2]
0	+ 150	+ 150	+ 150	+ 150	+ 150	+ 150	+ 110	+ 110	+ 110	+ 110
5	+ 110	+ 110	+ 110	+ 110	+ 110	+ 110	+ 90	+ 90	+ 90	+ 90
10	+ 80	+ 80	+ 80	+ 80	+ 80	+ 80	+ 75	+ 75	+ 75	+ 75
15	+ 65	+ 65	+ 65	+ 65	+ 65	+ 65	+ 60	+ 60	+ 60	+ 60
20	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50	+ 50
25	+ 35	+ 35	+ 35	+ 35	+ 35	+ 35	+ 42	+ 42	+ 42	+ 42
30	+ 25	+ 25	+ 25	+ 25	+ 25	+ 25	+ 35	+ 35	+ 35	+ 35
35	+ 19	+ 19	+ 19	+ 19	+ 19	+ 19	+ 29	+ 29	+ 29	+ 29
40	+ 15	+ 15	+ 15	+ 15	+ 15	+ 15	+ 25	+ 25	+ 25	+ 25
45	+ 13	+ 13	+ 13	+ 13	+ 13	+ 13	+ 22	+ 22	+ 22	+ 22
50	+ 12	+ 12	+ 12	+ 12	+ 12	+ 12	+ 20	+ 20	+ 20	+ 20
55	+ 11	+ 11	+ 11	+ 11	+ 11	+ 11	+ 17,5	+ 17,5	+ 17,5	+ 17,5
60	+ 10	+ 10	+ 10	+ 10	+ 10	+ 10	+ 15,0	+ 15,0	+ 15,0	+ 15,0
65	+ 7,5	+ 8,5	+ 8,5	+ 8,5	+ 8,5	+ 8,5	+ 13,5	+ 13,5	+ 13,5	+ 13,5
70	+ 5,0	+ 7,0	+ 7,0	+ 7,0	+ 7,0	+ 7,0	+ 12,5	+ 12,5	+ 12,5	+ 12,5
75	+ 2,5	+ 5,5	+ 5,5	+ 5,5	+ 5,5	+ 5,5	+ 11,0	+ 11,0	+ 11,0	+ 11,0
80	0	+ 4,0	+ 4,0	+ 4,0	+ 4,0	+ 4,0	+ 10,0	+ 10,0	+ 10,0	+ 10,0
85	– 3	+ 2,0	+ 3,0	+ 3,0	+ 3,0	+ 3,0	+ 8,5	+ 8,5	+ 8,5	+ 8,5
90	– 6	0	+ 2,0	+ 2,0	+ 2,0	+ 2,0	+ 7,5	+ 7,5	+ 7,5	+ 7,5
95	– 10	– 2,5	+ 1,0	+ 1,0	+ 1,0	+ 1,0	+ 6,5	+ 6,5	+ 6,5	+ 6,5
100	– 15	– 5	0	0	0	0	+ 5,0	+ 5,0	+ 5,0	+ 5,0
105	—	– 8	– 2	0	0	0	+ 3,75	+ 3,75	+ 3,75	+ 3,75
110	—	– 13	– 4	0	0	0	+ 2,5	+ 2,5	+ 2,5	+ 2,5
115	—	—	– 7	– 3	0	0	+ 1,25	+ 1,25	+ 1,25	+ 1,25
120	—	—	– 12	– 7	0	0	0	0	0	0
125	—	—	—	—	—	0	– 2,5	0	0	0
130	—	—	—	—	—	0	– 5,0	0	0	0
135	—	—	—	—	—	—	– 7,5	– 2,5	0	0
140	—	—	—	—	—	—	– 10	– 5,0	0	0

Athrú ar an acmhainn ualaigh (céatadán)										
Luas (km/u)	Gach innéacs ualaigh				Innéacsanna ualaigh ≥ 122 ([1])		Innéacsanna ualaigh ≤ 121 ([1])			
	Siombail catagóire luais				Siombail catagóire luais		Siombail catagóire luais			
	F	G	J	K	L	M	L	M	N	P ([2])
145	—	—	—	—	—	—	—	– 7,5	– 2,5	0
150	—	—	—	—	—	—	—	– 10,0	– 5,0	0
155	—	—	—	—	—	—	—	-	– 7,5	– 2,5
160	—	—	—	—	—	—	—	-	– 10,0	– 5,0

([1]) Tagraíonn na hinnéacsanna ualaigh don oibriú i bhfoirmíocht aonair.
([2]) Ní cheadaítear athruithe ar an ualach le haghaidh luasanna os cionn 160 km/u. I gcás siombailí luais 'Q' agus os a gcionn, an luas a chomhfhreagraíonn don tsiombail luais, sonraíonn sé an luas uasta incheadaithe le haghaidh an bhoinn.

IARSCRÍBHINN 9

Fíor mhíniúcháin

Féach mír 2 den Rialachán seo

